SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Spórt Éireann
## Tuarascáil Bhliantúil
## 2022

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Cé muid féin | 4 |
| Ár bhFís | 5 |
| Treoirphrionsabail | 5 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 6 |
| Ráiteas an POF | 7 |
| **CUID 1: Mar a oibrímid** | 8 |
| Ár bpríomh-chomhpháirtithe | 9 |
| Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe | 9 |
| Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt | 10 |
| Comhlachtaí Maoinithe | 10 |
| Buaicphointí 2022 | 11 |
| **CUID 2: Obair Spórt Éireann** | 12 |
| **Cuspóir 1: Rannpháirtíocht** | **13** |
| Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt | 13 |
| Amuigh Faoin Aer | 13 |
| Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt a Leathnú | 14 |
| Mná sa Spórt | 14 |
| Éagsúlacht agus Cuimsiú | 15 |
| **Cuspóir 2: Feidhmíocht** | **15** |
| Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe | 15 |
| Cóitseáil | 15 |
| Cumhdach | 16 |
| **Cuspóir 3: Ardfheidhmíocht** | **16** |
| Straitéis Ardfheidhmíochta | 16 |
| Infheistíocht Ardfheidhmíochta 2022 | 16 |
| Institiúid Spórt Éireann | 16 |
| Ardfheidhmíocht ag mórimeachtaí idirnáisiúnta 2022 | 16 |
| **Cuspóir 4: Rialachas** | **17** |
| Frithdhópáil | 17 |
| Cód Rialachais don Spórt | 17 |
| Forbairt agus Athrú Eagraíochta | 18 |
| Mná i gCeannaireacht Spóirt | 18 |
| Maoirseacht FAI | 18 |
| **Campas Spórt Éireann** | **18** |
| Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Áiseanna Spórt Éireann | 19 |
| **Dúshláin** | **19** |
| Costas Maireachtála | 19 |
| Forbairt an Champais | 19 |
| Leibhéal Domhanda | 19 |
| Foireann agus earcaíocht | 19 |
| Cás-staidéar – Am Dom Féin! | 20 |

| | |
|---|---|
| **CUID 3: Mar a reáchtáiltear Spórt Éireann** | **21** |
| **Réimsí Oibríochta** | **22** |
| **Rialachas agus Comhlíonadh Corparáideach Spórt Éireann** | **23** |
| Comhaltaí Boird 2022 | 23 |
| Ráiteas faoi mar a fheidhmíonn Bord Spórt Éireann | 26 |
| Meastóireacht an Bhoird agus an Choiste | 28 |
| Éagsúlacht & Cuimsiú a chur chun cinn | 28 |
| Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird | 28 |
| Bainistíocht Riosca | 28 |
| Iniúchadh Inmheánach | 30 |
| Saoráil Faisnéise | 30 |
| Nochtuithe Cosanta | 30 |
| Dualgas na hearnála poiblí | 30 |
| Inbhuanaitheacht | 31 |

| | |
|---|---|
| **AGUISÍNÍ** | **32** |
| Cistiú COVID-19 2022 | 33 |
| Deontais Fuinnimh 2022 | 35 |
| Leithdháileadh Cistiúcháin Ardfheidhmíochta 2022 | 36 |
| Tacaíocht Dhíreach do Lúthchleasaithe | 37 |
| Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe 2022 Bunchistiú | 37 |
| Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt 2022 Bunchistiú | 39 |
| Deontais um Mná sa Spórt | 40 |

| | |
|---|---|
| **RÁITIS AIRGEADAIS** | **42** |

# CÉ MUID FÉIN

Bunaithe ar an 1 Deireadh Fómhair 2015, is é Spórt Éireann an t-údarás reachtúil a bhfuil sé de chúram air a bheith i gceannas ar chúrsaí spóirt a fhorbairt in Éirinn, as tacú leis an bhforbairt sin agus as maoiniú díreach a sholáthar lena úsáid ar mhaithe leis an bhforbairt sin. Áirítear leis seo rannpháirtíocht sa spórt, sa spórt ardfheidhmíochta, frithdhópáil, cóitseáil, agus forbairt Champas Spórt Éireann.

Is comhlacht é Spórt Éireann atá faoi stiúir na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Tacaíonn Spórt Éireann le seachadadh Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018–2027 an rialtais ina n-aithnítear tionchar agus tábhacht an spóirt ar fud shochaí na hÉireann. In 2022, ba ionann buiséad caiteachais reatha iomlán Spórt Éireann agus €132.4 milliún. Áirítear leis seo cistiú COVID-19 ar ionann é agus €15 milliún agus cistiú ón Scéim Tacaíochta Fuinnimh ar ionann é agus €35 milliún.

# ÁR bhFÍS

Éire ghníomhach inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as tairbhí fadsaoil an spóirt agus na ngníomhaíochta coirp.

# ÁR LUACHANNA

I Spórt Éireann, táimid bródúil as an ról ceannaireachta atá againn ó thaobh spórt in Éirinn de. Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach agus luach ar airgead a sholáthar i ngach a dhéanaimid, agus a chinntiú go léiríonn Spórt Éireann ionracas i gcónaí, ag seasamh leis na caighdeáin eiticiúla is airde. Tá sé mar sprioc againn go mbíonn Spórt Éireann ionraic cuimsitheach agus trédhearcach ina chuid caidrimh, cinntí agus gníomhartha comhpháirtíochta agus maoinithe uile.

**Is iad seo a leanas ár gcuid luachanna:**

- Cuimsiú
- Ionracas
- Meas
- Sármhaitheas
- Cuntasacht

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ba mhór an onóir dom a chuir gliondar croí nuair a cheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD agus an tAire Stáit Spóirt agus Corpoideachais, Thomas Byrne TD mar Chathaoirleach ar Spórt Éireann mé i mí Aibreáin 2023.


Is iontach an tréimhse é a bheith ag teacht isteach i Spórt Éireann agus faomhadh na straitéise nua chúig bliana (2023-2027) le tarlú go luath. Cuirfidh sé seo leis an dul chun cinn a rinneadh sa timthriall straitéiseach roimhe seo agus leagfar amach pleananna uaillmhianacha do Spórt Éireann agus don earnáil spóirt a chinnteoidh go gcuirfimid eispéireas spóirt den chéad scoth ar fáil ar fud na tíre. Ina theannta sin, leagfaidh an plean béim ar an bhfís uileghabhálach “Éire ghníomhach inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as tairbhí an spóirt agus gníomhaíochta coirp”. I mo cháil mar Chathaoirleach, táim tiomanta don fhís seo.

Tá an spórt lárnach i saol sóisialta, cultúrtha agus pobail na hÉireann, agus ba iontach an tréimhse a bhí ann le déanaí ó thaobh an mhéid a baineadh amach. Agus Éire sa 125ú háit ar domhan ó thaobh daonra de, is iontach an méid atá bainte amach againn – agus atá fós á baint amach – i réimse spóirt éagsúla.

In 2022, baineadh amach an líon b’airde bonn trí chláir arna maoiniú ag Spórt Éireann ag mórimeachtaí idirnáisiúnta. Bhuaigh lúthchleasaithe agus foirne Éireannacha 105 mórbhonn. Chomh maith leis seo is iomaí rath suntasach eile a baineadh amach ar an stáitse idirnáisiúnta, amhail foirne rugbaí na bhfear agus foirne sacair na mban. Lasmuigh d’ardfheidhmíocht, tá feabhas tagtha freisin ar leibhéil rannpháirtíochta agus spéise sa spórt in Éirinn.

Mar sin féin, cé go leanann an rath i gcúrsaí spóirt ar aghaidh agus buaicphointí nua á mbaint amach, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil tréimhse athraithe nach bhfacthas riamh cheana féin roimh an spórt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, i gcomparáid leis an timthriall straitéiseach roimhe seo. Amhail gach gné eile den tsochaí,  chuaigh a leithéid agus éifeachtaí marthanacha phaindéim dhomhanda COVID-19, boilsciú, athrú aeráide agus imeacht na RA as an Aontas Eorpach i bhfeidhm go mór ar chúrsaí spóirt in Éirinn. Cruthaíonn na cúinsí seo, chomh maith le hathruithe ginearálta sóisialta agus déimeagrafacha, dúshláin shuntasacha don earnáil spóirt.

Agus mé i mo Chathaoirleach ar Spórt Éireann, ba mhaith liom a chinntiú go leanann earnáil spóirt na hÉireann ar aghaidh ar ceann de na hearnálacha spóirt is fearr ar domhan maidir lena hathléimneacht agus ullmhacht dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn amach. Táim ag tnúth le dul i mbun oibre leis na comhaltaí boird eile, le Feidhmeannacht Spórt Éireann agus leis na páirtithe leasmhara go léir sna blianta atá amach romhainn.



**John Foley**
Cathaoirleach, Spórt Éireann



# RÁITEAS AN POF

I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach Spórt Éireann, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, tuarascáil ina leagtar béim ar dhul chun cinn agus éachtaí na heagraíochta in 2022 agus ina leagtar amach ár n-iarrachtaí maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt, ar mhaoiniú agus ar chur i bhfeidhm ár gclár spóirt, i gcomhréir le ceanglais agus beartais an rialtais. Ba é 2022 an bhliain dheireanach de straitéis chúig bliana Spórt Éireann, 2018–2022. Leanamar lenár dtiomantas do cheithre phríomhcholún straitéiseacha: Rannpháirtíocht, Feidhmíocht, Ardfheidhmíocht agus Rialachas. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn faoi na colúin sin chun earnáil spóirt den chéad scoth a chruthú.

Tá rannpháirtíocht fós ina thosaíocht ag Spórt Éireann, agus tá infheistíocht déanta againn i réimsí faoi mhíbhuntáiste, agus béim ar leith á cur ar dhéagóirí agus ar dhaoine fásta breacaosta ar chuir an phaindéim isteach go mór orthu. Bhain ríthábhacht leis an gcomhpháirtíocht lenár gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) maidir le clúdach náisiúnta a thabhairt do chláir agus do sheirbhísí rannpháirtíochta spóirt. Trí mhaoiniú agus comhoibriú, chuireamar ar chumas na CÁSanna tionscnaimh a sheachadadh a lig do bhreis agus 433,000 duine aonair páirt a ghlacadh i gcláir a seachadadh go háitiúil in 2022.

Oibreoidh Spórt Éireann chun na spriocanna méadaithe rannpháirtíochta mar atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a bhaint amach. De réir an taighde is déanaí atá againn, arna dhéanamh ag Ipsos MRBI thar ceann Spórt Éireann, tháinig méadú ar an rannpháirtíocht sa spórt in 2022 agus 43% den daonra ag glacadh páirte go rialta sa spórt, sin méadú 3% ó bhí 2021 ann.
Ina theannta sin, tá feachtais agus tionscnaimh seolta againn ar nós an fheachtais *Let's Get Back*, an tSeachtain *Her Outdoors* agus Seachtain na mBan sa Spórt chun pobal na hÉireann, go háirithe mná agus cailíní, a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn freisin maidir le héagsúlacht agus cuimsiú sa spórt a chur chun cinn trínár mbeartas um Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Spórt a chur i bhfeidhm, chomh maith le comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí agus tionscnaimh éagsúla.


Aithnímid na dúshláin a chuir paindéim COVID-19 roimh earnáil an spóirt. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, chuireamar leis an infheistíocht a dhéanaimid i gComhlachtaí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) agus chuireamar maoiniú breise ar fáil chun tacú le hiarrachtaí athléimneachta agus téarnaimh.

Bhí ár straitéis fhadtéarmach mar threoir againn ó thaobh na hardfheidhmíochta de, agus é mar aidhm aici tacú le hacmhainn na hÉireann ag na leibhéil is airde iomaíochta. In 2022, d’infheistíomar breis agus €21 milliún sa spórt ardfheidhmíochta, lena n-áirítear maoiniú a chur ar fáil do lúthchleasaithe agus do chláir thacaíochta. In 2022, baineadh amach an líon b’airde bonn trí chláir arna maoiniú ag Spórt Éireann ag mórimeachtaí idirnáisiúnta. Bhuaigh lúthchleasaithe agus foirne Éireannacha breis agus 100 mórbhonn.

Táim bródúil as a bhfuil bainte amach ag Spórt Éireann in 2022, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann, do na comhpháirtithe agus do na páirtithe leasmhara ar fad a chuir lenár rathúlacht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcathaoirleach atá ag dul as oifig, Kieran Mulvey, as a thiomantas agus a scil maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus rathúlacht Spórt Éireann.



**An Dr Úna May**
POF Spórt Éireann



1.

# MAR A OIBRÍMID

Tá sé mar aidhm againn a chinntiú gur náisiún gníomhach í Éire ina spreagtar daoine tosú ar an spórt agus leanúint orthu a bheith rannpháirteach ann, dul chun cinn a dhéanamh, agus torthaí a bhaint amach ag an leibhéal is airde.

## Chun an sprioc seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach oibriú go dlúth lenár gcomhpháirtithe chun éifeachtúlacht agus tionchar na ngníomhaireachtaí, na ndaoine agus na n-áiteanna a sholáthraíonn deiseanna spóirt a bharrfheabhsú.

**Chuige sin, oibríonn Spórt Éireann**

- chun tacú lenár gcomhpháirtithe, go háirithe na comhlachtaí náisiúnta rialaithe (CNRanna) agus comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt (CÁSanna), chun leibhéil rannpháirtíochta tosaigh agus leanúnacha a mhéadú sa spórt agus gníomhaíocht choirp a mhéadú – do chách;
- chun rath a bhaint amach sa spórt ardfheidhmíochta;
- luach agus tairbhí an spóirt a chur in iúl, agus smaointeoireacht náisiúnta ar an gceist seo a threorú;
- Forbairt a dhéanamh ar earnáil spóirt atá níos láidre agus níos éifeachtaí, níos sábháilte agus níos cothroime agus a bhfuil na caighdeáin rialachais is airde aici;
- líon agus cáilíocht na gcóitseálaithe, na n-oifigeach, na riarthóirí agus na n-oibrithe deonacha a mhéadú;
- éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn;
- tionchar infheistíocht an rialtais sa spórt a bharrfheabhsú.

Déanann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán monatóireacht ar fhorbairt, ar mhaoiniú agus ar chur i bhfeidhm éifeachtach clár de réir riachtanais agus bheartas airgeadais an rialtais.

## Ár bpríomh-chomhpháirtithe

Cuireann Spórt Éireann tacaíocht ar fáil do bhreis agus 100 eagraíocht spóirt, lena n-áirítear 65 CNR, 10 gcomhlacht maoinithe eile agus 29 CÁS.

### Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe

Éireann 2022

1. Peil Mheiriceánach Éireann
2. Cumann Slatiascaireachta na hÉireann
3. Boghdóireacht Éireann
4. Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann
5. Badmantan Éireann
6. Cispheil Éireann
7. Cumann Spóirt na hÉireann um Chasadh an Bhaitín
8. Bol-Chumann na hÉireann
9. Sraith Bhabhlála na hÉireann
10. Aontas Canúála na hÉireann
11. Cruicéad Éireann
12. Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann
13. Rothaíocht Éireann
14. Cumann Spóirt na mBodhar
15. Tumadóireacht Éireann
16. Cumann Pionsóireachta na hÉireann
17. Cumann Peile na hÉireann
18. Liathróid Láimhe CLG Éireann
19. Cumann Lúthchleas Gael
20. Galf Éireann
21. Gleacaíocht Éireann
22. Cumann Haca na hÉireann
23. Eachspórt Éireann
24. Cumann Caiteoirí Crú Capaill
25. Cumann Scátáil Oighir na hÉireann
26. Cumann Coraíochta Amaitéarach na hÉireann
27. Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann
28. Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann
29. Cumann Haca Oighir na hÉireann
30. Cumann Júdó na hÉireann
31. Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann
32. Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann
33. Cumann Rugbaí na hÉireann
34. Cumann Seoltóireachta na hÉireann
35. Cumann Scuaise na hÉireann
36. Cumann Júdó na hÉireann
37. Cumann Bhabhláil Deich bPionna na hÉireann
38. Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann
39. Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – Spórt
40. Cumann Pheil na mBan
41. Gluaisrothaíocht Éireann
42. Rásaíocht Mótair Éireann
43. Sléibhteoireacht Éireann
44. Aerchlub Náisiúnta na hÉireann
45. Cluichí Pobail Náisiúnta
46. ONAKAI
47. Cumann Treodóireachta na hÉireann
48. Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann
49. Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann
50. Rámhaíocht Éireann
51. Rugbaí Sraithe
52. Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann
53. Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann
54. Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann
55. Cumann Snámha na hÉireann
56. Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann
57. Taecuando Éireann
58. Leadóg Éireann
59. An Cumann Camógaíochta
60. Trí-atlan Éireann
61. Cónaidhm Iascairí Breac na hÉireann
62. Cumann Tarraingt Téide na hÉireann
63. Spórt do Dhaoine Lagamhairc Éireann
64. Cumann Eitpheile na hÉireann
65. Cumann Tógála Meáchain na hÉireann

### Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

1. Ceatharlach
2. An Cabhán
3. An Clár
4. Corcaigh
5. Dún na nGall
6. Cathair Bhaile Átha Cliath
7. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin
8. Fine Gall
9. Gaillimh
10. Ciarraí
11. Cill Dara
12. Cill Chainnigh
13. Laois
14. Liatroim
15. Luimneach
16. Lú
17. An Longfort
18. Maigh Eo
19. An Mhí
20. Muineachán
21. Uíbh Fhailí
22. Ros Comáin
23. Contae Bhaile Átha Cliath Theas
24. Sligeach
25. Tiobraid Árann
26. Port Láirge
27. An Iarmhí
28. Loch Garman
29. Cill Mhantáin

### Comhlachtaí Maoinithe

1. Míchumas Gníomhach Éireann
2. Aois & Deiseanna Éireann
3. Cónaidhm Spóirt na hÉireann
4. Ireland Active
5. Comhairle Spóirt Scoileanna Speisialta na hÉireann
6. Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann
7. Cumann Parailimpeach na hÉireann
8. Peantatlan Éireann
9. Cumann Spórt Sneachta na hÉireann
10. Spórt Mac Léinn Éireann

# BUAICPHOINTÍ 2022

**€82 milliún**
an méid a infheistíodh inár gComhlachtaí Náisiúnta Rialaithe (CNRnna)

Cinntíonn an infheistíocht seo go bhféadfadh CNRanna agus na mílte club spóirt ar fud na tíre leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag seachadadh spóirt ag an leibhéal áitiúil.

**105**
líon na Mórbhonn a baineadh amach thar 15 spórt in 2022

In 2022, baineadh amach an líon b'airde bonn trí chláir arna maoiniú ag Spórt Éireann ag mórimeachtaí idirnáisiúnta. Bhain lúthchleasaithe agus foirne Éireannacha breis agus 100 mórbhonn amach.

**433,554**
an líon daoine a ghlac páirt i dtionscnaimh arna reáchtáil ag Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla

Chuir ár líonra de 29 Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil 1,434 tionscnamh rannpháirtíochta ar fáil in 2022.

**92%**
an sciar den earnáil a fhéindhearbhaigh a gcomhlíontacht leis an gCód Rialachais don Spórt

Tháinig méadú 13% ar chomhlíonadh leis an gCód Rialachais don Spórt ag Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna).

**>8,000**
an líon daoine a ghlac páirt inár suirbhé Mhonatóir Spóirt na hÉireann a dhéantar ar bhonn rialta

Cabhraíonn torthaí an tsuirbhé shuntasaigh seo linn leibhéil ghníomhaíochta dhaoine fásta na hÉireann a rianú.

**12**
líon na gcuspóirí a leagadh amach inár gcéad Bheartas um Éagsúlacht agus Cuimsiú a foilsíodh riamh

Tríd an mbeartas seo a chur i ngníomh, tá súil againn go nglacfaidh níos mó daoine ó phobail páirt sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil.

**520**
líon na n-acra a fhorbrófar mar chuid de Mháistirphlean Champas Spórt Éireann

Sheol an Taoiseach Micheál Martin Máistirphlean Champas Spórt Éireann i mí na Samhna 2022.

**387**
líon na lúthchleasaithe a fuair tacaíocht speisialaithe in Institiúid Spórt Éireann

Chuir foireann na hInstitiúide 3,662 lá tacaíochta seirbhíse dírí ar fáil do 24 spórt.

2.

# AN OBAIR A DHÉANAIMID

Tá Ráiteas Straitéise Spórt Éireann do 2018–2022 bunaithe ar na ceithre phríomhcholún seo a leanas:

1. **Rannpháirtíocht** (spórt cuimsitheach ar feadh an tsaoil)
2. **Feidhmíocht** (ag imirt agus ag dul san iomaíocht ag leibhéal a oireann do chumas an duine)
3. **Ardfheidhmíocht** (acmhainneacht na hÉireann a bhaint amach ag na leibhéil is airde iomaíochta)
4. **Rialachas** (spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt earnáil an-éifeachtach spóirt a mbeidh tionchar aici ar fud na tíre)

# Cuspóir 1: Rannpháirtíocht

Bhí Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2018 – 2022 dírithe ar an gcéatadán den daonra a ghlacann páirt sa spórt agus gníomhaíocht choirp a mhéadú go 46%. Bhí sé mar aidhm aige freisin leibhéil na ndaoine fásta neamhghníomhacha a laghdú go 19% agus an grádán rannpháirtíochta spóirt idir fir agus mná a laghdú go 2.5%.

Baineadh an sprioc sin amach in 2019 nuair a bhí 46% den daonra ag gabháil don spórt agus don ghníomhaíocht choirp. Le linn na paindéime, thit an céatadán seo go 40% ach bhí sé suas go 43% arís in 2022.

In 2019 de réir shuirbhé Mhonatóir Spóirt na hÉireann bhí leibhéil na ndaoine fásta neamhghníomhacha ag 20% agus tháinig méadú air go 21% in 2022. Cé gur thit an grádán rannpháirtíochta idir fir agus mná go 3% in 2019, cuireadh bac ar an dul chun cinn le linn phaindéim Covid-19, agus b'ionann an grádán agus 5% in 2022.

Tá Spórt Éireann fós tiomanta do thús áite a thabhairt d'infheistíocht a dhéanamh in áiteanna faoi mhíbhuntáiste, rud nár tharla de bharr na paindéime, chomh maith le cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Rannpháirtíochta 2021–2024, an Beartas um Mná sa Spórt, an Beartas Míchumais, agus an Bheartais ar Spórt agus Gníomhaíocht Choirp Faoin Aer.

### Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Gach lá, i bpobail ar fud na tíre, cabhraíonn líonra CÁSanna Spórt Éireann le daoine bheith gníomhach trí na bacainní ar spórt agus gníomhaíocht choirp a bhaint. In 2022, d'infheistigh Spórt Éireann €15.2 milliún i 29 CÁS trí Bhunchistiú, Ciste na gCuntas Díomhaoin, agus cistiú um Fhilleadh ar an Spórt. Mar fhreagra ar phaindéim COVID-19, d'infheistigh Spórt Éireann €1.2 milliún sa líonra CÁS chun tacú le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a thosú an athuair.

A bhuí leis an maoiniú seo, tá cúigear ball bunfoirne ar a laghad ag gach CÁS anois - comhordaitheoir, riarthóir, oifigeach um chuimsiú spóirt faoi mhíchumas, oifigeach forbartha spóirt pobail agus oifigeach breise amháin, bunaithe ar riachtanais áitiúla. In 2022, d'éirigh le 433,554 duine páirt a ghlacadh i 1,434 tionscnamh rannpháirtíochta arna gcur ar fáil go háitiúil ag CÁSanna.

I mí na Samhna 2022, reáchtáil Spórt Éireann seoladh náisiúnta an tionscadail 'Cathracha Gníomhacha', arna mhaoiniú trí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is í an fhís atá ag Cathracha Gníomhacha ná saoránaigh inár gcathracha a mhealladh chun páirt sa spórt agus gníomhaíocht choirp, agus líon na saoránach sin a chothabháil agus a mhéadú, beag beann ar aois agus cumas. Tá tionchar dearfach ag an tionscadal seo ar chaidrimh agus ar chomhoibrithe na CÁSanna agus na n-údarás áitiúil. Rinneadh 10 mol spóirt eile pobail a mhaoiniú trí Chiste na gCuntas Díomhaoin in 2022 freisin, rud a chiallaíonn go bhfuil mol spóirt pobail i ngach contae anois.

### Amuigh Faoin Aer

In 2022, lean Spórt Éireann ar aghaidh leis na conairí áineasa forbartha go léir ar Chlár na gCosán Náisiúnta a chur chun cinn. In 2022, rinneadh iniúchadh ar 313 cosán, rud a thug líon iomlán na gcosán ar an gclár go 868. Le tacaíocht ón gCiste Éire Shláintiúil, chuir Spórt Éireann tús le céim fhorfheidhmithe 18 mhí de bhunchlár agus bunachar sonraí digiteach do thaitneamhachtaí spóirt agus áineasa. Áirítear sa chéim cur chun feidhme rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara, soláthar sonraí, forbairt branda, forbairt theicniúil, forbairt creata meastóireachta agus plean cumarsáide. Meastar go mbeidh an bunachar sonraí réidh le seoladh in 2023.

Sheol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Straitéis Náisiúnta um Chaitheamh Aimsire Allamuigh, 2023-2027 i mí na Samhna chomh maith.  Thacaigh an tAonad Allamuigh agus an earnáil allamuigh ar fad leis an straitéis trasrialtais agus tras-eagraíochta seo. Mar thoradh ar cheannaireacht agus tacaíocht an Aonaid Allamuigh i bhforbairt na straitéise, aithnítear Spórt Éireann mar phríomhcheannaire in áineas allamuigh in Éirinn, agus tá an t-aonad ainmnithe mar cheannaire ar roinnt gníomhaíochtaí laistigh den straitéis.

**Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt a Leathnú**

Tá cuimsiú ina chroíluach den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027. Leagtar béim ar thiomantas Spórt Éireann aghaidh a thabhairt ar neamhionannas i rannpháirtíocht spóirt laistigh de thrí phríomhbheartas.

1. Beartas Spórt Éireann maidir le Mná sa Spórt. (arna fhoilsiú in 2019)
2. Beartas Spórt Éireann maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú sa Spórt. (arna fhoilsiú in 2022)
3. Beartas Spórt Éireann ar Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt. (arna fhoilsiú in 2017)

Cuirtear na beartais seo i bhfeidhm trí raon beart a dhéanann Spórt Éireann go díreach, trí Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt (CNRanna), Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla (CÁSanna), Cumann Parailimpeach na hÉireann, Oilimpicí Speisialta Éireann, Míchumas Gníomhach Éireann, agus Aois & Deiseanna Éireann.

Infheistíonn ár gcomhpháirtithe raon leathan maoinithe i gcláir chun earnáil spóirt chuimsitheach a sholáthar in Éirinn.

Cuireadh maoiniú €607,605 ar fáil don chlár *Go for Life*, a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le clubanna agus eagraíochtaí deiseanna a mhéadú dá mbaill bhreacaosta chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa spórt áineasa agus i raon gníomhaíochtaí coirp. D’eagraigh Spórt Éireann agus an líonra CÁS go leor tionscnamh éagsúil amhail an Lá Náisiúnta Bí Gníomhach, a spreag daoine, idir óg agus aosta, chun a dtreoirlínte gníomhaíochta coirp a chomhlíonadh ar bhealach spraíúil.

**Mná sa Spórt**

I mí Iúil 2021, d’fhógair Spórt Éireann infheistíocht €4 mhilliún ina Chlár Mná sa Spórt thar 2021 agus 2022. Chuidigh an maoiniú seo le breis agus 150 tionscadal agus tionscnamh um Mná sa Spórt a chur i bhfeidhm sna CNRanna agus tacaíonn sé le fís Spórt Éireann do mhná sa spórt maidir le comhdheiseanna a thabhairt do mhná a lánacmhainneacht a bhaint amach agus taitneamh ar feadh an tsaoil a bhaint as an spórt.

In 2022, cuireadh €265,000 de mhaoiniú um Mná sa Spórt ar fáil don líonra CÁS. Tháinig méadú ar mhaoiniú freisin faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin agus faoi Bhunmhaoiniú agus cruthaíodh deiseanna rannpháirtíochta breise san earnáil leis an maoiniú breise COVID-19 freisin.

I gcomhréir leis an mBeartas um Mná sa Spórt de chuid Spórt Éireann arna fhoilsiú in 2019, leanann Spórt Éireann ag tacú le rannpháirtíocht leanúnach na mban sa spórt mar oiliúnóirí, oibrithe deonacha, baill de chlubanna, lúthchleasaithe, tacadóirí, ceannairí agus rannpháirtithe ón mbunleibhéal go dtí an póidiam.

I mí an Mheithimh 2022, cuireadh tús le hobair chun aitheantas branda a chruthú don tionscadal Girls Get Active. Úsáideann eagraíochtaí an branda (Her Moves) anois agus iad ag cur tús le cláir ghníomhaíochta coirp atá dírithe ar chailíní sna déaga, ag brath ar chritéir áirithe maidir le dearadh clár. I mí an Mheithimh chomh maith, roghnaigh painéal saineolaithe meán 12 iarrthóir chun páirt a ghlacadh i gclár traenála sna meáin arna reáchtáil ag Spórt Éireann agus a bhí dírithe ar bhan-anailísithe spóirt. Bhí ar na hiarrthóirí freastal ar thrí lá oiliúna idir an 18 agus an 23 Iúil.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, thug Spórt Éireann tacaíocht don tionscadal Shona, lucht eagraithe na Féile Shine. Le breis agus 2,000 cailín ann i bpearsa, agus suas le 15,000 cailín ann ar líne, ba imeacht cumhachtach í ina raibh cainteoirí ag labhairt ar a leithéid d’ábhair agus féinmheas, athléimneacht, slite beatha, na healaíona, folláine, meabhairshláinte, spóirt, daoine, an phláinéid agus saincheisteanna sóisialta. Tá an tacaíocht a thugtar don Fhéile Shine mar chuid de thionscadal níos leithne de chuid Spórt Éireann a dhíríonn ar chailíní sna déaga chun iad a mhealladh agus a spreagadh le bheith níos gníomhaí.

D’óstaigh Spórt Éireann an chéad Chomhdháil Oiliúna um Mná sa Spórt i mí na Nollag 2022. D’fhreastail breis agus 250 cóitseálaí ar an imeacht seo arna oscailt ag an Aire Spóirt Jack Chambers inar ghlac go leor aoichainteoirí páirt agus inar reáchtáladh go leor seisiún do ghrúpaí beaga ar an imeall.

### Éagsúlacht agus Cuimsiú

Foilsíodh Beartas Spórt Éireann ar Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Spórt i mí na Bealtaine 2022. Léirítear ann ár bhfís d'earnáil spóirt a dhéanann ceiliúradh ar an éagsúlacht, a chuireann cuimsiú chun cinn agus atá réamhghníomhach maidir le deiseanna do rannpháirtíocht feadh an tsaoil a chur ar fáil do chách. Aithnítear sa bheartas cúig cholún straitéiseacha a chuireann béim ar bhearnaí agus deiseanna amach anseo maidir le héagsúlacht agus cuimsiú sa spórt agus a thugann treoir dúinn maidir leis an mbeartas a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na colúin sin: Athrú, Cumarsáid, Rochtain, Cumas agus Ceannaireacht. Ceapadh 12 chuspóir ardleibhéil faoi na cúig cholún straitéiseacha sin a thacaíonn le seachadadh an bheartais.

Tugann Grúpa Comhairleach Spórt Éireann maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú sa Spórt a bunaíodh i mí na Samhna 2022, cúnamh, comhairle agus treoir do Spórt Éireann maidir lena ghníomhartha maidir leis an mbeartas a chur i bhfeidhm agus earnáil spóirt uilechuimsitheach a chur chun cinn in Éirinn.

Aithnítear i Straitéis um Imeascadh Imirceach 2017–2020 an rialtais acmhainneacht an spóirt chun tacú le himircigh a lánpháirtiú trí rannpháirtíocht ghníomhach, obair dheonach agus rannpháirtíocht i rialachas a spreagadh. Tá ionadaíocht á déanamh ar Spórt Éireann ar an bhFochoiste um Shaoránacht Ghníomhach de Choiste Monatóireachta agus Comhordaithe na Straitéise um Imeascadh Imirceach.

Lean Spórt Éireann lena chomhoibriú le Bród sa Spórt in 2022, ag reáchtáil feachtas bliantúil a thacaíonn leis an bpobal LGBTQIA+. Is é aidhm an fheachtais #LetsGetVisible ná aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don tábhacht a bhaineann le hinfheictheacht agus ionadaíocht i measc an phobail LGBTQIA+, ag díriú go sonrach ar an earnáil spóirt. Sa ráithe dheireanach de 2022, chuir Spórt Éireann tús le tionscadal chun treoir agus tacaíocht a fhorbairt don earnáil spóirt i réimse an chuimsithe do dhaoine trasinscne agus neamh-dhénártha sa spórt agus gníomhaíocht choirp. Táthar ag súil leis go gcuirfear deireadh leis an tionscadal seo in 2023.

## Cuspóir 2: Feidhmíocht

### Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe

Le linn 2020 agus 2021, tháinig laghduithe ar an mórscála ar ghníomhaíocht spóirt ar fud na tíre mar gheall ar shrianta COVID-19. Cuireadh isteach go mór ar iomaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar dheiseanna rannpháirtíochta, ar leas daoine aonair agus pobail agus ar chaipiteal sóisialta. Mar fhreagra ar an mbagairt seo, chuir an rialtas Cistí Athléimneachta agus Téarnaimh COVID-19 spriocdhírithe ar fáil. Thug an infheistíocht seo aghaidh ar riachtanais airgeadais agus oibriúcháin láithreacha na hearnála. In ainneoin na tacaíochta airgeadais a cuireadh ar fáil, tá roinnt dúshlán níos fadtéarmaí agus níos casta ag teacht chun cinn anois. Mar thoradh ar an sos dhá bhliain i ngníomhaíochtaí traidisiúnta spóirt, agus ganntanas sa mhargadh saothair, boinn oibrithe deonacha laghdaithe agus arduithe stairiúil ar bhoilsciú mar bharr ar an donas, tá dúshláin fós roimh an earnáil spóirt.

Mar fhreagra air sin, rinneadh €1.155 milliún breise a infheistiú i CNRanna in 2022, rud a thug na leibhéil iomlána Bunmhaoinithe suas go
€15 milliún Mar aon leis an infheistíocht seo, fuarthas cistiú COVID-19 arbh fhiú é agus €15 milliún agus cistiú ón Scéim Tacaíochta Fuinnimh arbh fhiú é agus €35 milliún. I rith 2022, rinne an tAonad CNR os cionn €82 milliún a dháileadh ar 12 chlár infheistíochta, amhail Bunmhaoiniú, Mná sa Spórt, Cuntais Dhíomhaoine agus Éire Shláintiúil. Cinntíonn an infheistíocht seo go bhféadfadh CNRanna agus na mílte club spóirt ar fud na tíre leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag seachadadh spóirt ag an leibhéal áitiúil.

### Cóitseáil

Tá sé mar aidhm ag Spórt Éireann a bheith ina phríomhghníomhaireacht d'oideachas spóirt in Éirinn. Chun an uaillmhian seo a bhaint amach, cuireadh an Teastas i bhForbairt Cóitseálaithe Spóirt ar fáil do CNRanna in 2022. Aithníonn Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (CCÉ) an teastas seo agus áirítear é ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí mar Dhámhachtain Sainchuspóireach Leibhéal 7. Faigheann foghlaimeoirí a chuireann an cháilíocht i gcrích teastas CCÉ agus 45 creidiúint, ar féidir leo a úsáid chun rochtain a fháil ar bhreisoideachas agus ar an ardoideachas.

Mar chuid de Sheachtain Spóirt na hEorpa, rinne Spórt Éireann, i gcomhpháirtíocht leis an líonra CÁS, sraith de chomhdhálacha cóitseála réigiúnacha ICOACHKIDS do chóitseálaithe leanaí agus déagóirí a óstáil - i nDún na nGall, i Sligeach, i Luimneach agus i bPort Láirge.

### Cumhdach

Cuireann Spórt Éireann oiliúint, ceardlanna agus iniúchtaí ar fáil chun tacú leis na CNRanna freastal ar a bhfreagrachtaí um chosaint agus cumhdach leanaí.

In 2022, chuir breis agus 6,500 club ar fud 62 CNR an t-iniúchadh cosanta i gcrích. Cuireadh breis agus 5,600 ceardlann ar fáil trí CNRanna agus CÁSanna. Cuirimid oiliúint do theagascóirí ar fáil freisin, agus in 2022, cuireadh oiliúint ar 11 teagascóir nua chun ceardlanna bunfheasachta a sholáthar sna réimsí um chumhdach agus cosaint leanaí.

## Cuspóir 3: Ardfheidhmíocht

### Straitéis Ardfheidhmíochta

Leagann Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032 síos spriocanna atá dúshlánach ach fós insroichte, agus tá gníomhartha soiléire sonraithe ann thar seacht réimse straitéiseacha. Sa chéad dá bhliain de sheachadadh na straitéise, tá tosaíocht tugtha ag Spórt Éireann do chuspóirí a bhaineann le hinfheistíocht ardfheidhmíochta, tacaí do lúthchleasaithe, oiliúint agus seirbhísí den scoth, agus rialachas (colúin straitéiseacha 1–4) a bhaint amach. Bhain an straitéis leas as acmhainní méadaithe i mblianta tosaigh a seachadta, rud a d’éascaigh an dul chun cinn suntasach córais seo. Is léiriú air seo an leanúint ar aghaidh le maoiniú ilbhliantúil, agus le tacaíochtaí lúthchleasaí ar nós an Clár Aistrithe Lúthchleasaithe agus an scéim maoinithe imreoirí nua do Haca na mBan.

### Infheistíocht Ardfheidhmíochta 2022

D’infheistigh Spórt Éireann breis is €21 milliún sa spórt ardfheidhmíochta in 2022 (Institiúid Spórt Éireann san áireamh). Áiríodh leis an infheistíocht seo:

- €10.721 milliún do CNRanna chun a gcláir ardfheidhmíochta a sheachadadh;
- €3.685 milliún de mhaoiniú díreach do lúthchleasaí trí Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann, an Clár Aistrithe Lúthchleasaithe (ACT); an Scéim Mhaoinithe d’Imreoirí (Haca na mBan); agus Scéim Ghairmiúil Gailf Éireann;
- €950,000 in oibríochtaí ardfheidhmíochta agus maoiniú riaracháin do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann.

Ina theannta sin, chuir Spórt Éireann maoiniú €1.925 milliún a chur ar fáil trí Mhaoiniú Tionchair Ardfheidhmíochta do 15 CNR agus do chomhlachtaí maoinithe in 2022. Cinntíonn Maoiniú Tionchair go bhfuil leibhéal solúbthachta laistigh den chóras ardfheidhmíochta agus an cumas freagairt go dearfach ar dheiseanna feidhmíochta nó ar dhúshláin airgeadais réasúnacha laistigh de na CNRanna.

### Institiúid Spórt Éireann

Soláthraíodh €3.72 milliún d'Institiúid Spórt Éireann le haghaidh seirbhísí tacaíochta ardfheidhmíochta.

Thug Institiúid Spórt Éireann tacaíocht do 387 lúthchleasaí in 2022. Chinntigh sé comhpháirtíochtaí feabhsaithe freisin ina cáil mar Chomhpháirtí Oifigiúil Seachadta Tacaíochta Feidhmíochta d’Fhoireann Éireann le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann.

### Ardfheidhmíocht ag mórimeachtaí idirnáisiúnta 2022

In 2022, trí CNRanna a fuair tacaíocht dhíreach ó Spórt Éireann trí Mhaoiniú Clár Ardfheidhmíochta, ghnóthaigh Éire 105 mórbhonn ag imeachtaí móra idirnáisiúnta. Is é seo an líon ba mhó bonn idirnáisiúnta a bhain Éire amach riamh. Astu seo, baineadh 44 díobh amach ag an leibhéal sinsearach, agus baineadh na 61 bonn eile amach ag imeachtaí nach imeachtaí sinsearacha iad (U23/sóisear/leibhéal óige). Bhain an córas ardfheidhmíochta ocht mbonn amach ag craobhchomórtais an domhain i spórt Oilimpeacha agus 12 bhonn ag craobh an domhain i spórt Parailimpeacha. Is léiriú ceart iad torthaí feidhmíochta 2022 ar dhul chun cinn laistigh den chóras ardfheidhmíochta, a gcuirtear dlús leis trí infheistíocht mhéadaithe.



**IOMLÁN NA mBONN**

| 33 | 28 | 44 |
|---|---|---|
| BONN ÓIR | BONN AIRGID | BONN CRÉ-UMHA |

**LEIBHÉAL SINSEARACH**

| 17 | 11 | 16 |
|---|---|---|
| BONN ÓIR | BONN AIRGID | BONN CRÉ-UMHA |

**NEAMHSHINSEARACH (U23/SÓISEARACH/ LEIBHÉAL ÓIGE)**

| 16 | 17 | 28 |
|---|---|---|
| Bonn Óir | Bonn Airgid | Bonn Cré-umha |

Ar fud Rothaíocht Pháras 2024, tá 167 bonn buaite ag Éirinn ag imeachtaí móra idirnáisiúnta. Cuireann sé seo Éire ar an mbealach chun an sprioc de 270 bonn a bhaint amach ar fud an timthrialla, de réir Phlean Gníomhaíochta Spóirt an rialtais 2021-2023.

## Cuspóir 4: Rialachas

### Frithdhópáil

Oibríonn Spórt Éireann clár frithdhópála spóirt na hÉireann, atá mar chuid de chóras idirnáisiúnta tástála. In 2022, rinne Aonad Frithdhópála Spórt Éireann 1,415 tástáil fola agus fuail, ar shamplaí a bailíodh ó 27 spórt dhifriúla.

Agus cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta air maidir le barr feabhais - rud atá tábhachtach do spóirt na hÉireann agus do lúthchleasaithe atá san iomaíocht ag na leibhéil is airde, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta - oibríonn an t-aonad ar an gcaighdeán is airde, mar a léiríonn an deimhniúchán ISO a fuarthas i ndiaidh iniúchta i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Leanann an t-aonad ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn sna réimsí tástála, oideachais agus taighde, agus leanann sé ag cur le líon na dtrialacha i spóirt áirithe. Tá ról ceannaireachta mór le rá ag an Aonad Frithdhópála ag cruinnithe na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála (NADO) agus an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA) agus guth láidir maidir le spórt glan eiticiúil. Measadh gur chomhlíon Spórt Éireann Cód WADA in 2022, agus chuir sé le Grúpa Monatóireachta Chomhairle na hEorpa ar an gCoinbhinsiún Frithdhópála agus a ghrúpaí comhairleacha ar oideachas agus ar eolaíocht.

### Cód Rialachais don Spórt

Ceanglaíodh leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 go nglacfadh gach comhlacht maoinithe leis an gCód Rialachais don Spórt faoin 31 Nollaig 2021 (Gníomh 31). Ag deireadh 2022, d'fhógair 92 den 100 eagraíocht laistigh den earnáil spóirt go bhfuil an cód glactha acu féin. Tá páipéarachas curtha isteach ag ceithre eagraíocht atá á athbhreithniú faoi láthair ag Spórt Éireann. Agus tá trí eagraíocht fós ar ‘aistear glactha’, agus Spórt Éireann ag fanacht le páipéarachas a chur isteach uathu in am trátha.

I gcás na n-eagraíochtaí sin nach bhfuil glactha go hiomlán acu leis an gcód, tá sé de dhualgas fós ar a gceannaireacht agus ar a gcomhaltaí úinéireacht agus cuntasacht a ghlacadh as cleachtais mholta a leabú nó as déileáil le dúshláin rialachais ar leith. Chuaigh Spórt Éireann i dteagmháil le roinnt eagraíochtaí trí phróiseas idirchaidrimh a leanann ar aghaidh in 2023 agus a chuidíonn le cur chuige níos struchtúrtha maidir le dea-rialachas a leabú i gcomhréir leis an gcód.

### Forbairt agus Athrú Eagraíochta

Lean Spórt Éireann de thacaíocht bhreise a thairiscint d'eagraíochtaí faoin gClár Tacaíochta um Fheabhsú Rialachais an Rialtais in 2022. Reáchtáladh 17 bpríomhimeacht, agus ba é buaicphointe an chláir ná Comhdháil Bhliantúil Rialachais Spórt Éireann 2022 a reáchtáil i mí na Samhna, ar ar fhreastail breis agus 130 rannpháirtí.

Bhí béim chomhdháil 2022 ar an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht sa rialachas, agus tosaíocht ag earnáil an spóirt an chothromaíocht inscne a mhéadú laistigh de cheann dá príomhghrúpaí ceannaireachta: a bord rialaithe. Labhair an tAire Jack Chambers TD ag an gcomhdháil, agus tugadh ionchur agus léargais ar an lá ó na hearnálacha gnó, deonacha, carthanachta agus spóirt.

### Mná i gCeannaireacht Spóirt

I mí na Nollag 2022, d'eisigh Spórt Éireann roghbhlúire de na sonraí is déanaí maidir le Ceannaireacht Mná sa Spórt, ag léiriú méadú bhreise ar líon na mban ar bhoird, ó 32% in 2021 go 36% in 2022. Léirigh an roghbhlúire sonraí freisin méadú ar chéatadán na mban ar bhoird na CÁSanna: ó 37% go 39%. Ina theannta sin, bhain 50% de na comhlachtaí spóirt a bhí san áireamh sna sonraí an sprioc riachtanach amach, i.e. gur mná iad 40% de chomhaltaí an bhoird.

### Maoirseacht FAI

Leis an Meabhrán Tuisceana idir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag an am agus Cumann Peile na hÉireann don tréimhse 2020-2023, bunaíodh an creat chun maoiniú ó Rialtas na hÉireann a chur ar ais chuig an FAI, chun maoiniú breise a sholáthar thar an tréimhse 2020-2023 agus maidir le freagrachtaí gach páirtí.

Bunaíodh an Grúpa Formhaoirseachta Rialachais de bhun an Mheabhráin Tuisceana chun formhaoirseacht, athbhreithniú agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann Cumann Peile na hÉireann ceanglais an Mheabhráin Tuisceana chun feidhme agus a gcloíonn sé leo thar an tréimhse 2020-2023. Tháinig an Grúpa le chéile 12 uair san iomlán faoi dheireadh 2022. Ó 2020 go deireadh 2022, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Cumann Peile na hÉireann ar a chlár oibre athchóirithe i réimsí an Rialachais agus an Athchóirithe Airgeadais.

D'ainneoin an dul chun cinn go dtí seo, comhaontaíonn na páirtithe go léir go bhfuil obair fós le cur i gcrích ag Cumann Peile na hÉireann ar a chlár oibre athchóirithe, agus ar na cleachtais dea-rialachais agus rialaithe inmheánaigh airgeadais a mholtar a leabú go hiomlán ar fud an Chumainn.
Leanann Spórt Éireann agus Cumann Peile na hÉireann ag déanamh idirchaidrimh ar gach ábhar, agus cinnteoimid go gcoimeádtar an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus oifigigh na Roinne ar an eolas faoin dul chun cinn.

## Campas Spórt Éireann

I mí na Samhna 2022, d'athdhearbhaigh an Rialtas a thiomantas do sheachadadh céimnithe Champas Spórt Éireann agus cheadaigh sé máistirphlean nua dá fhorbairt amach anseo. Soláthraíonn an máistirphlean an creat d'fhorbairt fhadtéarmach an champais thar na 15-20 bliain amach romhainn, ag cuimsiú áiseanna spóirt den scoth do scoth-lúthchleasaithe, áiseanna d'úsáid áineasa agus pobail, cóiríocht oifige do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus cóiríocht do lúthchleasaithe. Is í an fhís don champas gur ionad áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheidh ann don
sármhaitheas spóirt in Éirinn, an baile d'fhorbairt lúthchleasaithe agus pointe lárnach do chur chun cinn spóirt, sláinte agus folláine laistigh den phobal.

Is ceann de na chéad tionscadail a sholáthrófar mar chuid de Mháistirphlean an Champais ná an Veileadróm agus Lárionad Badmantain Náisiúnta nua. Is é cuspóir an tionscadail seo ná cur le rathúlacht na gclár ardfheidhmíochta agus rannpháirtíocht i raonrothaíocht agus badmantan a mhéadú le tionchar dearfach ar mhórtas náisiúnta agus ar leas sóisialta araon.
I mí na Nollag 2022, thug Comhairle Contae Fhine Gall fógra do Spórt Éireann faoina cinneadh cead pleanála a dheonú. Bronnadh an deontas pleanála deiridh i mí Eanáir 2023.

### Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Áiseanna Spórt Éireann

Is fochuideachta de chuid Spórt Éireann é Áiseanna Spórt Éireann DAC, atá freagrach as bainistiú agus oibriú laethúil áiseanna Champais Spórt Éireann. Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar oibríochtaí ar an gCampas le linn 2021.
In 2022, bhí toradh ar líon na gcuairteoirí i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin. Tugadh 799,681 cuairt ar an Lárionad Náisiúnta Uisce agus thug 462,748 cuairteoir ar an Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon agus 103,172 chuig na páirceanna Sintéiseacha.
Ar an iomlán, tugadh 1.3 milliún cuairt ar an gCampas in 2022, i gcomparáid le 1.6 milliún cuairteoir in 2019, roimh an bpaindéim.

| Líon na gcustaiméirí | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| An tIonad Náisiúnta Uisce | 799,681 | 262,390 | 317,976 | 1,045,660 |
| Páirceanna Sintéiseacha | 103,172 | 68,540 | 81,536 | 107,101 |
| An Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon | 462,748 | 111,823 | 171,850 | 456,412 |
| Iomlán | 1,365,601 | 442,753 | 571,362 | 1,609,173 |

## Dúshláin

### Costas Maireachtála

In 2022, mar fhreagra ar an ngéarchéim costais fuinnimh, tugadh cuireadh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt uile Spórt Éireann iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoin Scéim Tacaíochta Fuinnimh Spóirt (SESS). Ba é cuspóir an mhaoinithe seo ná tacaíocht a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus dá gClubanna cleamhnaithe leis na costais fuinnimh ardaithe a bhaineann le soláthar spóirt le linn tréimhse an gheimhridh. Faoin scéim, dáileadh €19.2m ar 30 CNR, ag tacú le 2,884 club ar fud na hearnála.

### Forbairt an Champais

Leagtar amach inár Máistirphlean Campais plean uaillmhianach d'fhorbairt Champas Spórt Éireann. Tá seachadadh an Mháistirphlean ag brath ar mhaoiniú caipitil a bheith ar fáil agus fachtóirí seachtracha lena n-áirítear boilsciú tógála.

### Réimse  domhanda

Is sa réimse domhanda a bhaintear amach baint na mórbhonn; is tábhachtach go bhfuil na timpeallachtaí seo deas cobhsaí chun deis a thabhairt do lúthchleasaithe Éireannacha dul san iomaíocht ann. Déanann Spórt Éireann monatóireacht ghéar ar ghníomhaíochtaí na gCónaidhmeanna Idirnáisiúnta éagsúla a bhfuil tionchar díreach acu ar lúthchleasaithe na hÉireann agus ar na spriocanna bonn atá leagtha amach inár straitéis.

### Foireann agus earcaíocht

Ní mór do Spórt Éireann ár líon foirne agus ár n-acmhainn a mhéadú chun glacadh leis an gcéad chéim eile dár bhforbairt agus chun na seirbhísí a bhfuiltear ag súil leo a sholáthar don earnáil spóirt agus do phobal na hÉireann. Tá tionchar ag margadh saothair iomaíoch ar chumas Spórt Éireann foireann a earcú agus a choinneáil agus tá sé á rialú ag teorainneacha na Seirbhíse Poiblí agus ag struchtúir earcaíochta agus fostaíochta.

# CÁS-STAIDÉAR

**Am dom féin!**

Is feachtas a bhfuil duaiseanna buaite aige é 'Am Dom Féin' ó Spórt Éireann, atá dírithe ar mhná os cionn 40 bliain d'aois a bhraitheann nach bhfuil go leor ama acu tabhairt faoi ghluaiseacht, aclaíocht agus nó an caitheamh aimsire is fearr leo ina saol laethúil. Bhí an feachtas seo ina chuid de bheartas nua Spórt Éireann um Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Spórt, agus é mar fhís aige earnáil spóirt a dhéanann ceiliúradh ar an éagsúlacht, a chuireann cuimsiú chun cinn agus a atá réamhghníomhach maidir le deiseanna rannpháirtíochta ar feadh an tsaoil a sholáthar do gach duine.

Léiríodh i staidéir a rinneadh arís agus arís eile, lena n-áirítear Monatóir Spóirt na hÉireann de chuid Spórt Éireann, go bhfuil mná os cionn 40 bliain d'aois, go háirithe iad siúd ó phobail faoi mhíbhuntáiste, ar na daoine is lú seans go mbeidh siad gníomhach go fisiciúil nó go n-imreoidh siad spórt.

Is iad seo a leanas na príomhthorthaí, a bhí lárnach ó thaobh an fheachtais seo a fhorbairt:

- Ní thugann beagnach leath (49%) de mhná uile na hÉireann os cionn 40 bliain d'aois tús áite do chleachtadh coirp.
- Ní chreideann ach 28 % de mhná os cionn 40 bliain d'aois go gcomhlíonann siad na treoirlínte aclaíochta atá molta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, i.e. tríocha nóiméad aclaíochta cúig lá sa tseachtain.
- Is iad na bacainní is mó ar aclaíocht ná a bheith róthuirseach (64%), easpa ama (41%), b'fhearr leo rudaí eile a dhéanamh (36%) agus gortú nó míchumas (31%).

**FORBHREATHNÚ AR AN bhFEACHTAS**

Seoladh an feachtas 'Am Dom Féin' Dé Céadaoin, 23 Samhain 2022. Bhí roinnt tionscnamh den scoth ina gcuid den lá seolta, na cinn seo a leanas ina measc:

- físeáin thumthacha;
- fógraí raidió;
- meáin chlóite;
- fógraí taispeána digiteach;
- preasráiteas náisiúnta;
- agallaimh raidió náisiúnta agus réigiúnacha le Nora Stapleton, ceannaire Mná sa Spórt le Spórt Éireann;
- gníomhaíocht tionchaire leis na pearsantachtaí spóirt Evanne Ní Chuilinn agus Marie Crowe.

**AN SEACHADADH**

Bhain trí cholún thábhachtacha le seachadadh an fheachtais:

1. meáin dhigiteacha
2. meáin shóisialta agus tionchairí
3. Clúdach sna meáin chlóite agus ar an raidió

**NA MEÁIN DHIGITEACHA**

Mar chuid de ghné dhigiteach an fheachtais, bhí fógraí taispeána ar líne le heagraíochtaí áitiúla nuachta.

**NA MEÁIN SHÓISIALTA AGUS TIONCHAIRÍ**

Ar Facebook, rinneadh an-teagmháil le daoine trí phoist íoctha agus trí phoist orgánacha araon. Tharla líon ba mhó idirghníomhaíochtaí ar na poist orgánacha a cheadaigh roinnt fhadtéarmach agus
nótaí tráchta Ar Instagram, rinneadh teagmháil le spriocghrúpa ní ba mhó ná mar a ceapadh; tharla an líon ba mhó idirghníomhaíochtaí le linn an fheachtais ar an ardán seo.
Bhí roinnt ambasadóirí ban ríthábhachtach maidir le feasacht a chothú don fheachtas. Tarraingíodh an-chuid airde ó na meáin phríomhshrutha nuair a fógraíodh Vera Pauw mar ambasadóir an feachtas agus bhain an feachtas lucht féachana breis agus 6 mhilliún amach.
Chuir Evanne Ní Chuilinn agus Marie Crowe an feachtas chun cinn ar a n-ardáin mheáin shóisialta féin, rud a tharraing an-chuid clúdaigh ar an bhfeachtas.

**CLÚDACH CLÓITE AGUS RAIDIÓ**

Cuireadh roinnt CÁSanna chun cinn mar aíonna ar a stáisiúin raidió áitiúla. Labhair ionadaithe ó CÁS Luimnigh agus Mhaigh Eo araon faoin bhfeachtas chomh maith leis na tionscadail a bhí á reáchtáil acu ina bpobail atá oiriúnach do spriocdhéimeagrafach an fheachtais seo. Cuireadh fógraí clóite san Irish Examiner, Irish Sun, Irish Daily Mirror, The Independent, Daily Mail, Irish Daily Star agus The Herald.

**AN TORADH**

Tá an feachtas 'Am Dom Féin' fós ag fáil aiseolas dearfach nach bhfacthas riamh cheana ón sprioclucht féachana, agus bronnadh an gradam Óir air don Fheachtas Il-Ardáin is Fearr le haghaidh Imeachtaí/Cúis (Gníomhaireacht) ag Gradaim na Meán Sóisialta 2023 (Sockies).

# 3.

# MAR A REÁCHTÁILTEAR SPÓRT ÉIREANN

Mar ghníomhaireacht reachtúil a fheidhmíonn faoin Acht um Spórt Éireann (2015), tá Spórt Éireann faoi réir raon oibleagáidí reachtúla agus oibleagáidí rialachais chorparáidigh faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### Ardfheidhmíocht

Tacaíonn Spórt Éireann le forbairt clár sistéamach agus inbhuanaithe a thugann feidhmíocht den scoth ó lúthchleasaithe agus foirne ar an leibhéal Eorpach, domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach. Tá ár sainchúram dírithe ar infheistíocht, rialachas agus gníomhaíochtaí straitéiseacha as a dtagann torthaí córais dearfacha. I Spórt Éireann, déanaimid maoirsiú ar sholáthar infheistíochta
do lúthchleasaithe aonair, foirne agus cláir fheidhmíochta. Tá Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021–2032 mar bhonn agus mar thaca ag an múnla maoinithe comhtháite seo.

### Institiúid Spórt Éireann

Bunaíodh Institiúid Spórt Éireann chun tacú le lúthchleasaithe cumasacha na hÉireann leibhéil marthanacha sármhaitheasa a bhaint amach sa spórt den scoth. Trí oibriú le líonra de sholáthróirí seirbhíse ar cháilíocht dhearbhaithe agus a bhfuil an-taithí acu, cinntíonn Institiúid Spórt Éireann go bhfuil rochtain ag lúthchleasaithe ar an eolaíocht spóirt agus ar an leigheas spóirt a theastaíonn uathu chun leibhéil mharthanacha sármhaitheasa a bhaint amach sa spórt idirnáisiúnta den scoth.

### Forbairt an Champais

Tá Spórt Éireann freagrach as Campas Spórt Éireann a fhorbairt. Áirítear leis seo cur i bhfeidhm Mháistirphlean an Champais: maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt áiseanna aonair ar an gcampas; straitéisí agus moltaí a fhorbairt maidir le forbairt agus úsáid áiseanna sa todhchaí; agus cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid an champais ag gach leibhéal ó fheidhmíocht ardleibhéil síos go
rannpháirtíocht bhaill den phobal. Is ar fhochuideachta faoi lánúinéireacht Spórt Éireann atá an fhreagracht as áiseanna an champais a fheidhmiú ó lá go lá.

### Áiseanna Spórt Éireann DAC

Is fochuideachta de chuid Spórt Éireann an Chuideachta seo atá freagrach as bainistiú agus oibriú laethúil a dhéanamh ar áiseanna Champas Spórt Éireann, lena n-áirítear an Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon de chuid Spórt Éireann, an tIonad Náisiúnta Uisce, an Láthair Náisiúnta Eachspóirt, an tIonad Náisiúnta Oiliúna Tumadóireachta, Ionad Oiliúna, saoráidí páirce imeartha sintéiseacha agus móna an Choláiste Náisiúnta Spóirt, Ionad Comhdhála an Champais, agus an Lárionad Nua-Aimseartha Peantatlain. Tá an Chuideachta freagrach freisin as oibriú agus cothabháil laethúil a dhéanamh ar chóiríocht oifige do chomhlachtaí spóirt atá bunaithe ar an gCampas.

### Frithdhópáil

Feidhmíonn Spórt Éireann an eagraíocht náisiúnta frithdhópála. Áirítear le feidhmeanna na heagraíochta cur i bhfeidhm treoirlínte, cóid chleachtais, caighdeáin dea-iompair, cothrom na féinne agus deireadh a chur le dópáil sa spórt, chomh maith le cláir oideachais agus faisnéise a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheas.

### Cóitseáil

Tá an príomhról ag Spórt Éireann maidir le cóitseáil spóirt in Éirinn ar bhonn uile-oileáin. Ag obair i gcomhpháirtíocht leis na CNRanna agus leis an earnáil spóirt go ginearálta, táimid i gceannas ar fhorbairt na cóitseála spóirt in Éirinn trí chlár tacaíochta d'oideachas cóitseálaithe agus teagascóirí ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm.

### Eitic

Is é sainchúram cosanta Spórt Éireann ná treoirlínte agus cóid chleachtais a fhorbairt agus a scaipeadh a chuireann na cleachtais is fearr chun cinn maidir le cosaint leanaí sa spórt i gcomhréir le treoir agus reachtaíocht um chosaint leanaí. Chun an fheidhm seo a chur chun cinn, téann Spórt Éireann i dteagmháil le breis agus 60 Comhlacht Rialaithe Spóirt Náisiúnta uathrialaitheach chun feasacht a ardú ar iompraíochtaí agus iad a chur chun cinn chun seasamh le dea-chleachtas agus cothrom na féinne i ngach spórt.

### Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe

Tá na CNRanna arna n-aithint ag Spórt Éireann i gcroílár spóirt na hÉireann agus tá siad ríthábhachtach chun ár spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaint amach. Cuireann obair na CNRanna leis na tosaíochtaí straitéiseacha a aithníodh sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018–2027 agus i straitéis Spórt Éireann agus déanann siad na tosaíochtaí sin a chomhlánú. Oibríonn Spórt Éireann i gcomhpháirtíocht leis na CNRanna chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí chun a spórt a fhorbairt agus chun freastal ar riachtanais a mball, agus is é ceann dár bpríomhthosaíochtaí ná a gcumas a neartú agus a fhorbairt.

### Rannpháirtíocht

Oibríonn Spórt Éireann chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú ar fud na tíre de réir an Bheartais Náisiúnta Spóirt. Saothraítear an cuspóir trínár gcuid oibre lenár líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, ár mBeartas Mná sa Spórt, ár gcuid oibre Lasmuigh agus trí Chomhoibriú Trasna a spreagadh idir an earnáil spóirt.

### Forbairt agus Athrú Eagraíochta

Soláthraíonn ár nAonad um Fhorbairt Eagraíochtúil agus Athrú tacaíocht d'eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú ó Spórt Éireann, lena n-áirítear CNRanna agus CÁSanna. Baineann gnéithe éagsúla le hobair an aonaid seo, lena n-áirítear tógáil inniúlachta, forbairt eagraíochtúil agus idirghabhálacha agus líonraí athraithe.

### Rialachas agus Straitéis

Díríonn Spórt Éireann ar ghníomhaíochtaí rialachais, tionscnaimh agus cláir straitéiseacha éagsúla a bhainistiú agus a chomhordú trína Aonad Rialachais agus Straitéise, de réir Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an rialtais agus straitéis Spórt Éireann.

### Taighde agus Nuálaíocht

Oibríonn Spórt Éireann sna réimsí taighde, meastóireachta agus nuálaíochta chun léargais a fhorbairt agus chun tacú le réitigh a ghiniúint i réimsí na rannpháirtíochta, na feidhmíochta agus an spóirt ardfheidhmíochta.

## Rialachas agus Comhlíonadh Corparáideach Spórt Éireann

Mar ghníomhaireacht reachtúil a fheidhmíonn faoin Acht um Spórt Éireann (2015), tá Spórt Éireann faoi réir raon oibleagáidí reachtúla agus oibleagáidí rialachais chorparáidigh faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Deimhníonn Spórt Éireann go gcomhlíontar na hoibleagáidí riachtanacha, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bainistiú riosca, iniúchadh inmheánach agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

Éilíonn Alt 8.4 den Chód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú ar Ranna Rialtais a chinntiú go bhfuil comhaontuithe maoirseachta scríofa acu le comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce a shainíonn go soiléir téarmaí caidrimh an chomhlachta Stáit leis an Aire/máthair-Roinn iomchuí. Is ráiteas i scríbhinn é an comhaontú formhaoirseachta idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Spórt Éireann ina sainítear róil agus freagrachtaí na Roinne agus Spórt Éireann faoi seach agus téarmaí an chaidrimh. Bhí comhaontú maoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn do 2022.

### Comhaltaí Boird 2022

**Kieran Mulvey – Cathaoirleach***

Bhí Kieran Mulvey ina Phríomhfheidhmeannach ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais ó bunaíodh é i 1991 agus ina dhiaidh sin ghlac sé le ról mar Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, ag éirí as i Meitheamh 2016. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, (ASTI) agus ar Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile roimhe seo (IFUT). Ghníomhaigh Kieran freisin mar Chomhairleoir leis an AE agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO) ar chúrsaí a bhaineann le bainistíocht phoiblí, acmhainní daonna agus caidreamh tionsclaíoch. Bhí sé ina chathaoirleach ar an idirbheartaíocht as ar eascair Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí Pháirc an Chrócaigh, Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdún. Is Comhalta é Kieran d'Institiúid Oideachais na hAlban agus tá Dochtúireacht Oinigh sa Dlí aige ó Ollscoil na hÉireann agus COBÁC.

**Lynne Cantwell**

Is í Lynne Cantwell an bhean is mó cluiche d'fhoireann rugbaí na hÉireann. Bhí sí ina Leaschaptaen agus ina Captaen ar fhoireann 15 & 7s na hÉireann í freisin. D'imir sí d'fhoireann na hÉireann 86 uaire thar thréimhse 13 bliana agus bhí sí i gcomhcheannas ar an bhfoireann nuair a bhuaigh Éire an Choróin Thriarach agus an Chaithréim Mhór agus nuair a fuair an fhoireann an lámh in uachtar ar an Nua-Shéalainn, buaiteoirí Chorn an Domhain, i séasúr 2013/14. Ba í sin an chéad uair riamh a bhain an fhoireann an méid sin amach. Ó d'éirigh sí as an spórt i leith, tá sí ag leanúint le hionadaíocht a dhéanamh ar an spórt agus ag iarraidh é a chur chun cinn. Is í Lynne Bainisteoir Ardfheidhmíochta na mBan le Rugbaí na hAfraice Theas.

**Mary Dorgan**
Is iar-Phríomhfheidhmeannach Cúnta ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta í Mary. Tháinig Mary isteach san údarás Sláinte agus Sábháilteachta ó Waterford Crystal, áit a raibh ról aici mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna. Chaith Mary tréimhse ar go leor Boird agus coistí agus tá sí ar Bhord Spórt Éireann ó bunaíodh é in 2015 agus ghlac sí páirt mar Chathaoirleach agus mar bhall de roinnt fochoistí. Tá an-suim aici i ngach spórt, go háirithe ó thaobh rannpháirtíocht a chur chun cinn.

**Jerry Grant**
Tá cúlra san Innealtóireacht Shibhialta ag Jerry Grant agus tá taithí aige ina Stiúrthóir agus ina Chomhairleoir Feidhmiúcháin sna hearnálacha Fóntas agus Foirgníochta le 25 bliain ag Leibhéal an Stiúrthóra lena n-áirítear róil mar stiúrthóir ar MC O'Sullivan Consulting Engineers (MCOS), agus 10 mbliana mar Stiúrthóir Bainistíochta ar RPS in Éirinn. D'oibrigh Jerry mar Chomhairleoir Speisialtóra, mar Cheann um Bainistíocht Sócmhainní agus mar Stiúrthóir Bainistíochta le hUisce Éireann ó 2012 go dtí 2018. Faoi láthair tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Jerry
Grant & Associates agus Ball Seachtrach de Bhord Rialaithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá Jerry ina bhall d'Institiúid na nEadránaithe agus tá cáilíochtaí aige sa Dlí agus Eadráin, anuas ar a bheith ina Chomhalta Cairte d'Innealtóirí Éireann. Ceapadh Jerry ina Chathaoirleach ar Chuideachta Chalafort Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2020 agus tá sé ina Chomhalta Boird de Project Woodland ó Mhárta 2021.

**Olive Loughnane**
Bhí Olive ina lúthchleasaí ardfheidhmíochta ó 2000 - 2013. Rinne sí ionadaíocht d'Éirinn ag ceithre Chluiche Oilimpeacha i ndiaidh a chéile agus ba í Seaimpín Lúthchleasaíochta an Domhain í in 2009. Tá sí ina Cathaoirleach anois ar Choiste Ardfheidhmíochta Spórt Éireann agus déanann sí ionadaíocht do Spórt Éireann ar Choiste Ainmniúcháin Chumann Peile na hÉireann. Tá B. Comm bainte amach aici ó Ollscoil na Gaillimhe agus céim MA i gCeannaireacht agus Straitéis freisin. Díríodh sa chuid taighde dá céim MA ar athrú eagraíochta a sholáthar agus ar athchóiriú rialachais a chur chun feidhme i ndiaidh géarchéim eagraíochta. Tá sí ag obair faoi láthair mar Stiúrthóir Athraithe leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara.

**Padraic Moran***
Ghlac Padraic páirt sna Cluichí Parailimpeacha dhá uair agus tá sé ina iarsheaimpín sa spórt Boccia. Ós rud é gur chaith sé breis agus 20 bliain i mbun iomaíochta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá raidhse eolais aige ar chúrsaí ar fud na hearnála míchumais spóirt. Anuas ar thaithí fhairsing ar dhisciplíní atá ann cheana, tá sé ag glacadh páirt le déanaí i bPeil Chumhachtchathaoireacha a fhorbairt in Éirinn. D'oibrigh sí le Youth Sport Trust UK roimhe seo agus tá sé ag obair faoi láthair le East Coast FM agus le Sky Ireland.

**Patrick O'Connor***
Is Aturnae, Cróinéir, Eadránaí agus Nótaire Poiblí é Pat O'Connor. Tá sé ina chomhalta de roinnt comhlachtaí gairmiúla agus rialála agus cumann gairmiúil agus rialála, lena n-áirítear Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Chairte na nEadránaithe, an Binse Meabhair-Shláinte agus Painéil Araíonachta Chumann Rugbaí an Domhain, Chraobh na Sé Náisiún agus Chumann Rugbaí na hÉireann. D'fheidhmigh sé in oifigí éagsúla laistigh de Dhlí-Chumann na hÉireann,mar Uachtarán (1998-99) go speisialta.

**Roger O' Connor**
Tá Roger an-cháilithe mar Cheannaire Gnó Spóirt, ós rud é gur bhain sé Céim Bhaitsiléara Tráchtála agus Máistreacht sa Riarachán Gnó amach as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina lánchomhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte ón mbliain 1997 i leith. Tá taithí fhairsing aige ar obair a dhéanamh i réimse an scothspóirt ghairmiúil, áit ar oibrigh sé mar Stiúrthóir Bainistíochta agus mar Cheann Airgeadais agus Rialachán in ERC, arb é eagraí agus sealbhóir ceart an chomórtais rugbaí Corn Heineken é, agus mar Phríomhoifigeach Airgeadais ar Curragh Racecourse Ltd, ar cuideachta a athfhorbraíodh le déanaí í.  Tá sé ina Stiúrthóir, Gnóthaí Tráchtála faoi láthair le ICON plc.

**Iognáid Ó Muircheartaigh**
Baineann slí bheatha Iognáid le réimsí an riaracháin, an taighde, an léinn agus na bainistíochta. Is Iar-Uachtarán é ar OÉ Gaillimh. Le linn a théarma oifige, stiúir sé an Ollscoil trí thréimhse fháis nach bhfacthas roimhe ó thaobh an lín mac léinn, forbairtí caipitil, ioncam taighde agus cruinniú airgid daonchairdiúil de. Chaith sé tréimhse mar chathaoirleach agus ina chomhalta Boird ar Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUGB). Tá a chuid taighde le fáil in irisleabhair idirnáisiúnta agus d'fhóin sé mar ollamh ar cuairt in Ollscoil Stanford, i Scoil Iarchéime Chabhlach na Stát Aontaithe i Monterey, California, in Ollscoil Connecticut agus in Ollscoil Ghlaschú. Chaith sé tamall freisin ar go leor Bord san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach. Ghlac sé páirt sa lúthchleasaíocht mar iomaitheoir ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta agus roghnaíodh é mar Chaptaen ar an gcéad fhoireann (aontaithe) de chuid na hÉireann ó bhí an bhliain 1937 ann a chuaigh san iomaíocht ar leibhéal idirnáisiúnta i gCorn na hEorpa, a cuireadh ar siúl i Seantrabh sa bhliain 1967. Rinne sé cóitseáil ar lúthchleasaíocht freisin, agus chaith sé tréimhse ar Bhord Lúthchleasaíocht Éireann. Imríonn sé galf agus tá sé ar an gCathaoirleach agus ina chomhalta Boird d'Aontas Gailf na hÉireann, a threoraigh sé tríd an bpróiseas um an Aontas a chomhcheangal le hAontas Gailf Ban na hÉireann. De bharr na hoibre sin, bunaíodh Galf Éireann, ar comhlacht aonair é chun an galf a chur chun cinn in Éirinn.

**Michelle Tanner**
Oibríonn Michelle mar Cheann Spóirt agus Áineasa i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Áirítear lena cuid oibre forbairt straitéiseach, próifíl, bainistíocht, soláthar foirne, soláthar acmhainniú agus cur chun cinn spóirt, tionscadail bhonneagair, ionadaíocht, rannpháirtíocht le geallsealbhóirí agus pleanáil. Tá sí freagrach as punann de 67 acra d'áiseanna spóirt faoin aer agus 13,000 méadar cearnach d'áiseanna spóirt laistigh. Bhí sí i gceannas ar thionscadail ó thús go deireadh ar scálaí éagsúla, lena n-áirítear príomh-áiseanna spóirt ag Coláiste na Tríonóide a fháil, a dhearadh agus a fhorbairt. Is ball gníomhach Boird agus coiste í, agus tá poist oifigeach aici le Spórt Mac Léinn Éireann a mhair 16 bliana agus is iar-imreoir eitpheile idirnáisiúnta í le Foireann Shinsearach na hÉireann.

**Deirdre Ryan**
Tá Deirdre ina Stiúrthóir ar Inbhuanaitheacht agus Dearbhú Cáilíochta (Origin Green) i mBord Bia áit a bhfuil sí freagrach as forbairt agus bainistiú a dhéanamh ar chláir um Dhearbhú Cáilíochta Bhord Bia le 54,000 ball is feirmeoirí agus táirgeoirí iad, agus 300 ball cuideachta Origin Green. Mar bhall d'Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach Bhord Bia, cuireann sí le rialachas corparáideach leanúnach agus bainistíocht bhuiséadach na heagraíochta, le fócas ar leith ar an mBord um Dhearbhú Cáilíochta. Roimh 2020 bhí sí ina Ceann ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach le Lidl Éireann agus Tuaisceart Éireann, agus bhí sí ina Ceannaire Cumarsáide Eatramhach freisin. Ba léimneoir ard idirnáisiúnta í Deirdre le 13 bliana de thaithí san iomaíocht ar stáitse idirnáisiúnta sinsearach an spóirt. Bhí sí ina hOilimpeach Éireannach ag Cluichí Londain 2012 agus bhí sí san iomaíocht ag Craobhchomórtais Eorpacha agus Dhomhanda iolracha, agus tháinig sí sa 5ú háit i gCraobh an Domhain 2011 in Daegu mar bhuaicphointe.

**Miriam O'Callaghan**
Tá Miriam ina Feidhmeannach Sinsearach Acmhainní Daonna agus ina Bainisteoir Tionscadail le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá taithí breis agus 30 bliain aici sna seirbhísí sláinte ag leibhéal oibriúcháin shinsearach agus thar ghnéithe éagsúla AD, bainistíocht tionscadail agus bainistíocht seirbhísí.
Áirítear lena saineolas Bainistíocht Seirbhísí Ospidéil agus Pobail, Caidreamh Fostaithe, Pinsin, Earcaíocht agus Bainistíocht Tionscadal. Bhí sí ina ball de roinnt boird stáit – an Ghníomhaireacht um Chomhionannas Fostaíochta, an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin, Údarás Forbartha Champas Náisiúnta Spóirt na hÉireann – agus tá sí ag fónamh faoi láthair ar Bhord Clárúcháin Fisiteiripeoirí CORU.

**Páraic Duffy**
Chaith Páraic 11 bhliain ina phríomhoide ar Choláiste Mhic Cairthinn, Muineachán go dtí gur ceapadh é ina chéad Bhainisteoir Leasa Imreora i CLG in 2007. I mí Feabhra 2008, ceapadh é ina Ard-Stiúrthóir ar an CLG agus chaith sé tréimhse sa ról sin go dtí gur scoir sé in 2018. Faoi láthair tá Páraic ina Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta Choláiste Mhic Cairthinn agus ina Uachtarán ar CLG Scoileanna Uladh. Is ball é den Údarás um Réiteach Díospóidí, suíonn sé ar roinnt boird agus is Oifigeach Cóitseála é i gClub CLG Bhaile an Scotaigh.

Nótaí: Cuireadh síneadh sé mhí le téarma Kieran Mulvey mar Chathaoirleach ar Spórt Éireann ón 30 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Márta 2023. Chuaigh téarmaí Phádraic Moran agus Pat O'Connor in éag ar 30 Meán Fómhair 2022. Ceapadh John Foley ina Chathaoirleach nua ar Spórt Éireann i mí Aibreáin 2023. Ceapadh Kevin Hoy agus Deirdre Mongan mar chomhaltaí nua ar an mBord i mí Aibreáin 2023.

## Ráiteas faoi mar a fheidhmíonn Bord Spórt Éireann

Tá an Bord comhfhreagrach as gníomhaíochtaí Spórt Éireann a threorú agus a stiúradh. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean chuig an lucht bainistíochta nó chuig Coistí, ní shaorfaidh feidhmiú na cumhachta tarmligin an Bord ón dualgas atá air maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonfar na feidhmeanna tarmligthe.

Ba cheart don Bhord feidhmeanna tábhachtacha a chur i gcrích, lena n-áirítear iad seo a leanas: an treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta, beartais bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht agus cultúr Spórt Éireann, agus maoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil agus mórinfheistíocht chaipitil.

Seolann an Bord a chuid gnó trí chultúr ionracais agus iompraíochta eiticiúla agus de réir Chód Rialachais agus Iompar Gnó Spórt Éireann agus de réir aon nósanna imeachta dá dtagraítear ann. Is é an príomhról a bheidh ag an mBord agus é i seisiún iomlánach ná cinneadh a dhéanamh ar nithe beartais, airgeadas straitéise agus nós imeachta, anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí éagsúla de chuid Spórt Éireann agus a Fhoirne, breithniú a dhéanamh ar mholtaí ó Choistí nó ó údaráis tharmligthe eile maidir leis na critéir le haghaidh cúnamh airgeadais a dhámhachtain, agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chúnamh airgeadais.

Cloífidh an Bord i gcónaí leis an bprionsabal go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar Spórt Éireann agus go bhfuil údarás comhchoiteann aige mar chomhlacht corpraithe.

Déanfaidh an Bord bearta cuí chun a chinntiú go soláthrófar go tráthúil dó cibé faisnéis is riachtanach nó is inmhianaithe chun cur ar chumas Comhaltaí a gcuid dualgas a chur i gcrích go sásúil.

Cinntíonn an Bord go mbeidh gach cinneadh ar mhórmhíreanna caiteachais ailínithe le straitéisí meántéarmacha agus fadtéarmacha chun a chinntiú go mbeidh caiteachas den sórt sin dírithe ar chuspóirí agus torthaí atá sainithe go soiléir.

Tá ráiteas straitéise glactha ag an mBord don tréimhse chúig bliana amach romhainn. Is trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a thacófar le Spórt Éireann an straitéis sin a chur chun feidhme. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar fheidhmíocht iarbhír phlean bliantúil 2022.

Ag gníomhú tríd an gCathaoirleach, téann an Bord i gcomhairle leis an Aire gach bliain chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- na hionchais atá ag an Aire maidir le hobair Spórt Éireann (agus na hionchais atá ag Spórt Éireann féin) a shainiú;
- an ról atá ag Spórt Éireann maidir le forbairt beartais i réimse an spóirt a shoiléiriú; agus
- na paraiméadair a bhaineann le hacmhainní/ioncam Spórt Éireann a shainiú.

Ar aon dul leis an dea-chleachtas rialachais agus le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht.

## Cinnteoireacht & Feidhmeanna an Bhoird

Ó am go chéile, cinneann Bord Spórt Éireann sceideal foirmiúil nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh aige chun a chinntiú gurb é an Bord, agus an Bord amháin, a dhéanfaidh aon chinntí maidir leis an eagraíocht a threorú, a stiúradh agus a rialú. Áireofar na nithe seo a leanas leis na feidhmeanna atá forchoimeádta don Bhord (seachas i gcás go gcinnfidh an Bord a mhalairt:

- na próisis a bhunú trína n-earcaíonn sé Príomhfheidhmeannach (lena n-áirítear pleanáil comharbais), a leagann sé síos ar a jabthuairisc, go gcinnfidh sé téarmaí a chonartha (ag féachaint do threoirlínte infheidhme an Rialtais) agus ina n-athbhreithníonn sé a c(h)uid feidhmíochta;
- údarás a tharmligean chuig an bPríomhfheidhmeannach chun na feidhmeanna a chomhlíonadh agus a c(h)uid feidhmíochta a mheasúnú;
- tuarascálacha rialta a fháil agus a bhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar gach mórghné de ghníomhaíochtaí Spórt Éireann;

- caiteachas a fhormheas i gcás ina meastar go mbeidh caiteachas den sórt sin in aon bhliain amháin níos mó ná:
  - €10,000 i gcás deontaí aonair, nó
  - €100,000 i gcás CNR nó eagraíocht eile a fhaigheann deontas, nó
  - €25,000 ar earraí nó trealamh a cheannach ó aon soláthraí amháin, nó maidir le soláthar seirbhísí gairmiúla ag aon soláthraí amháin;
- gach tionscadal caipitil, Sceideal na gCreat agus na gConarthaí agus caiteachais os cionn tairsí €100,000 lena n-áirítear táillí gairmiúla (e.g. bainistíocht tionscadail, táillí dearaidh) a fhaomhadh, i dtéarmaí an soláthraí a roghnú agus an bhuiséid atá le sannadh don soláthraí, de réir an Phróisis um Cheadú Geataithe de chuid Spórt Éireann. Nóta: Tionscadail Chaipitil agus caiteachas ar mó iad ná €25,000 ach ar lú iad ná €100,000,

  agus ar ina leith is féidir an caiteachas iomlán a chumhdach laistigh de bhuiséad caipitil na bliana reatha, ní gá ceadú a fháil ina leith ach amháin ó Choiste Champas Spórt Éireann (agus fógra á thabhairt don Bhord faoin gcinneadh). Is gá ceadú a fháil ón mBord iomlán i leith gach tionscadail ar mó iad ná an tairseach €100,000 agus i leith gach tionscadail as a dtiocfaidh ceangaltais chonarthacha ilbhliantúla.
- beartais iniúchóireachta agus beartais bhainistíochta riosca a ghlacadh agus monatóireacht a dhéanamh ar na beartais sin agus tuairisc a thabhairt orthu;
- buiséad bliantúil agus plean corparáideach a ghlacadh ar fhógra a thabhairt faoi leibhéal iarbhír an ioncaim atá ar fáil, treoirlínte a leagan síos maidir le hathraitheas buiséid agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas ar bhonn ráithiúil;
- glacadh le beartais iniúchta agus bainistíochta riosca agus faireachán agus tuairisciú de réir mar is gá ar a gcur chun feidhme;
- faomhadh Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Airgeadais, Ráitis ar Rialú Inmheánach agus Creataí Dearbhaithe arna n-ullmhú ag foireann Spórt Éireann;
- faomhadh gach mórchonartha, léasa agus socruithe a sháraíonn na teorainneacha atá leagtha amach i nósanna imeachta airgeadais Spórt Éireann;
- faomhadh leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne;
- polasaí a bhunú maidir le luach saothair na bainistíochta sinsearaí de réir threoirlínte an Rialtais, lena n-áirítear sochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne eile (a bhféadfadh faomhadh an Aire a bheith ag teastáil uathu), agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais sin;
- dearbhuithe a cheadú maidir le comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin maidir le ceapadh, líon, grádú agus coinníollacha na foirne go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas, a cheadú.
- na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag cruinnithe an Bhoird a chinneadh (agus go heisceachtúil nuair is gá cinntí a dhéanamh idir cruinnithe Boird) i bhfoirm buanorduithe. Déanfar buanorduithe den sórt sin a athbhreithniú ó am go ham, ach i ngach imeacht tráth nach lú ná uair amháin gach trí bliana, agus nuair a ghlacfar iad measfar gur cuid den Chód iad;
- faomhadh éadálacha suntasacha, diúscairtí agus scor sócmhainní Spórt Éireann agus a chuid fochuideachtaí os cionn tairsí €25,000;
- oiread coistí nó grúpaí oibre a cheapadh agus a stiúradh agus is gá chun cabhrú le comhlíonadh a bhfeidhmeanna agus téarmaí tagartha na gcoistí nó na ngrúpaí oibre sin a fhaomhadh/a leasú de réir mar is gá.
- ceadú cinnidh maoiniú a chur ar fionraí, a choinneáil siar nó a aischur chuig CNR nó eagraíocht eile a fhaigheann deontas mar atá leagtha amach in alt 6.4.
- iarratas ar aitheantas CNR a fhaomhadh nó a dhiúltú.
- cultúr Spórt Éireann a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh air, i dtéarmaí na luachanna agus na n-iompraíochtaí a sheachadann an straitéis, agus dearbhú a fháil go bhfuil oibríochtaí Spórt Éireann ailínithe lena chultúr.
- athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar chur i bhfeidhm na socruithe atá leagtha amach sa Chód Rialachais agus Iompair Gnó agus ag moladh agus ag faomhadh, más cuí, aon athruithe ar an gCód
- faomhadh an Chóid Rialachais agus Iompair Gnó agus a chinntiú go ndéantar é a nuashonrú go rialta mar fhreagra ar oibleagáidí nó imthosca rialachais atá ag teacht chun cinn.

- beartais agus nósanna imeachta airgeadais Spórt Éireann a fhaomhadh agus a chinntiú go léiríonn siad dea-chleachtas rialachais agus na noirm a bhfuiltear ag súil leo agus go n-ionsóidh siad próiseas chun iad seo a choinneáil cothrom le dáta go rialta agus a athbhreithniú go foirmiúil
- in éagmais an Chathaoirligh ag cruinniú den Bhord, Cathaoirleach gníomhach a cheapadh as na Comhaltaí a bheidh i láthair ag an gcruinniú.
- faomhadh na nithe áirithe a bhaineann le Saoráidí Spórt Éireann DAC
- faomhadh chun fochuideachtaí nua Spórt Éireann a bhunú.

**Meastóireacht ar an mBord & Coiste**

Cuireadh tús le próiseas bliantúil Athbhreithnithe Éifeachtúlachta an Bhoird i mí na Samhna 2022 agus críochnaíodh é i mí na Nollag 2022. In 2022, thug an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an t-athrú atá ar feitheamh ar sheasamh ríthábhachtach an Chathaoirligh faoi deara. D'aontaigh an Roinn an ceanglas maidir le hathbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an Bhoird a chur siar go dtí deireadh 2023 chun ligean do Chathaoirleach nua a chur ar bord. D'aontaigh an Roinn go bhféadfaí na cuspóirí rialachais uileghabhálacha a bhaint amach trí athbhreithniú inmheánach ar éifeachtacht an Bhoird a thabhairt chun críche in 2022. Déanann an Bord athbhreithniú freisin ar thuarascálacha ó gach Coiste mar mhír sheasta ar an gclár oibre ag gach cruinniú Boird.

**Éagsúlacht & Cuimsiú a chur chun cinn**

Cuirtear Éagsúlacht agus Cuimsiú chun cinn i roinnt réimsí d'obair Spórt Éireann. Tá siad sin mionsonraithe sna rannáin ábhartha den Tuarascáil seo, lena n-áirítear Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spórt ag Daoine faoi Mhíchumas, Beartas Spórt Éireann um Mná sa Spórt agus Beartas Eitice Spórt Éireann.

**Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird**

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí seachtar fear (54%) agus de sheisear ban (46%) ar an mBord, gan aon fholúntas. Mar sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas Bord Stáit.

Tá sé beartaithe na bearta seo a leanas a dhéanamh chun cothromaíocht inscne a choinneáil chun tacú léi ar an mbord seo:

- Is faoin Aire de réir an Achta um Spórt Éireann 2015 a bheidh an próiseas ceapacháin chuig Bord Spórt Éireann.
- Leanfaidh Spórt Éireann ag cur comhairle ar an Aire maidir le folúntais reatha maidir leis an ngá atá le cothromaíocht inscne níos fearr a chur chun cinn i mballraíocht an Bhoird.
- Tá sé ina príomhthosaíocht ag Spórt Éireann cothromaíocht inscne a chinntiú ar choistí Spórt Éireann.

**Bainistíocht Riosca**

Rinne an Bord sainaithint agus measúnú láidir ar na príomhrioscaí atá roimh Spórt Éireann. Áirítear leo sin rioscaí arbh é an toradh a bheadh orthu ná go bhfulaingeodh Spórt Éireann caillteanas, damáiste nó míbhuntáiste, nach mbainfeadh Spórt Éireann tairbhe as deiseanna atá ar fáil dó nó nach ngnóthódh Spórt Éireann na cuspóirí atá aige de bharr eachtraí nó gníomhartha inmheánacha nó seachtracha atá neamhinmhianaithe nó éiginnte. Déantar na príomhrioscaí a chatagóiriú i gceann amháin de na ceithre chatagóir seo a leanas:

- *Rioscaí Straitéiseacha*: an neamhábaltacht cuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach a bhaint amach agus gan leas a bhaint as deiseanna nuair a thagann siad chun cinn
- *Rioscaí Oibriúcháin:* an neamhábaltacht cuspóirí oibríochtúla Spórt Éireann a bhaint amach, lena n-áirítear an neamhábaltacht caillteanas a chosc de bharr próisis agus córais inmheánacha neamhleor
- *Rioscaí Airgeadais:* risíocht ar chaillteanais airgeadais a eascraíonn as rialuithe neamhleor nó an gá atá le feabhas a chur ar bhainistíocht shócmhainní airgeadais Spórt Éireann
- Rioscaí Clú agus Comhlíonta: neamhchosaint ar chaillteanais a thagann chun cinn as poiblíocht dhíobhálach, as íomhá phoiblí dhiúltach agus as an ngá atá ann leis an gcaidreamh le páirtithe leasmhara a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is é is riosca comhlíonta ann ná an bhagairt atá ar sheasamh eagraíochtúil nó cáile Spórt Éireann de bharr sáruithe ar dhlíthe, ar rialacháin, ar chóid iompair nó ar na caighdeáin chleachtais atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

Sonraítear i Ráiteas Inghlacthachta Riosca Spórt Éireann an méid riosca a bhfuil an eagraíocht toilteanach dul ar a lorg nó glacadh leis agus é ag saothrú a chuspóirí fadtéarmacha. Léirítear ann na réimsí nach nglacann an eagraíocht ach le beagán riosca iontu (Frithdhópáil, Cumhdach, agus Sláinte agus Sábháilteacht) agus na réimsí a n-aithníonn Bord Spórt Éireann gur gá bheith nuálach agus glacadh le méid riosca iontu (Ardfheidhmíocht, Mná sa Spórt, agus Forbairt agus Athrú Eagraíochta). Coinníonn Aonaid Ghnó laistigh de Spórt Éireann Cláir Rioscaí a chuimsíonn na rioscaí a bhaineann lena n-oibríochtaí agus bearta maolaithe gaolmhara.

Déantar rioscaí a thomhas ag baint úsáide as dhá thoise, i.e. an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas (dóchúlacht) agus an éifeacht ar Spórt Éireann dá dtiocfadh an riosca i gcrích (tionchar), ag baint úsáide as an bpróiseas atá leagtha amach i mBeartas Bainistíochta Riosca Spórt Éireann. Is Mír Bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus Coiste Iniúchóireachta & Riosca.

In 2022, ba iad seo a leanas na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a bhain le Spórt Éireann:

- Téann na hearnálacha chun cinn i dtreo glacadh leis an gCód Rialachais don Spórt (Riosca Comhlíonta).
- An riosca nach soláthraítear na hacmhainní foirne a theastaíonn chun feidhmeanna leathana, tosaíochtaí straitéiseacha agus nithe inghnóthaithe an Bheartais Náisiúnta Spóirt a sheachadadh, a mhaoirsiú agus a rialú (Riosca Straitéiseach).
- Láimhdeachas Ceannaireachta i CNRanna agus an tionchar ar chuspóirí Ardfheidhmíochta i dtimthriall teasctha Oilimpeach/Parailimpeach agus i réimse domhanda éiginnte (Riosca Straitéiseach).
- Boilsciú agus costais ardaithe (Riosca Airgeadais).
- An méid éiginnteachta maidir le maoiniú caipitil chun tacú le seachadadh mórthionscadail caipitil ag Campas Spórt Éireann (Riosca Oibriúcháin) agus chun iad a chumasú.

Pléadh deiseanna atá ag teacht chun cinn ag leibhéal an Bhoird freisin, agus ina measc siúd, bhí:

- Ráiteas Straitéise nua ó Spórt Éireann a fhorbairt.
- Seoladh Máistirphlean Campais uaillmhianach nua a thugann deiseanna suntasacha do Champas Spórt Éireann a bheith ina chroílár de spórt na hÉireann.
- Ráiteas nua uaillmhéine a fhorbairt le haghaidh líonra na CÁSanna, 21 bliain tar éis bhunú na CÁSanna.

Áirítear thíos cuid de na príomhghníomhaíochtaí a glacadh in 2022 atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige Bainistíochta Riosca Spórt Éireann:

- Le linn 2022, rinne an Bord breithniú ar an gClár Riosca Corparáideach ag a chruinnithe a reáchtáladh i mí Feabhra, mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair.
- Rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca athbhreithniú foirmiúil ar an gClár Riosca Corparáideach ag a chruinnithe i mí an Mhárta agus i mí Mheán Fómhair 2022. Rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca athbhreithniú freisin ar na Cláir Riosca Leibhéal Aonaid seo a leanas le linn 2022:
  - Áiseanna Spórt Éireann DAC (Márta 2022).
  - Taighde & Nuálaíocht (Márta 2022).
  - Airgeadas (Meitheamh 2022).
  - Rannpháirtíocht (Meán Fómhair 2022).
  - Ardfheidhmíocht agus CNRanna (Samhain 2022).
- Chríochnaigh an Bord athbhreithniú ar Bheartas Bainistíochta Riosca athbhreithnithe Spórt Éireann (lena n-áirítear an Ráiteas Inghlacthachta Riosca) ag a chruinniú i mí Feabhra 2022.

### Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Spórt Éireann. Tháinig méadú gan fasach ar leibhéal na gníomhaíochta iniúchta inmheánaigh ag Spórt Éireann in 2021 agus 2022 mar gheall ar leithdháileadh cistí COVID-19 don earnáil in 2020/2021. Mar chuid de phlean Iniúchta Inmheánaigh Spórt Éireann don bhliain 2022, roghnaíodh roinnt Aonad Gnó de chuid Spórt Éireann, Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le haghaidh iniúchta. Críochnaíodh 22 iniúchadh inmheánach in 2022 (lena n-áirítear athbhreithniú seachtrach cáilíochta ar éifeachtacht fheidhm iniúchta inmheánaigh Spórt Éireann).

Leanann Coiste Iniúchóireachta & Riosca Bhord Spórt Éireann le monatóireacht a dhéanamh ar stádas na n-iniúchtaí go léir chun a chinntiú go gcuirtear moltaí i bhfeidhm go pras. Maidir le hiniúchtaí ar Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, leanann an Feidhmeannas ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí riachtanacha agus tá cruinnithe idirchaidrimh sceidealaithe acu nuair is cuí.

### Saoráil Faisnéise

| Réimse Cláir | Líon Iomlán na nIarrataí | Deontais | Páirt-Deontas | Diúltaithe | Tarraingthe siar | Láimhseáilte Lasmuigh de Shaoráil Faisnéise |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe | 19 | 0 | 15 | 1 | 2 | 1 |
| Frithdhópáil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais | 11 | 0 | 10 | 1 | 0 | 0 |
| Ardfheidhmíocht | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Rannpháirtíocht | 6 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 |
| Faoin Aer | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán 2022 | 39 | 1 | 30 | 3 | 3 | 2 |

### Nochtuithe Cosanta

Ní bhfuair Spórt Éireann aon nochtadh cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2022.

### Dualgas na hearnála poiblí

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar dheireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas deise a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do na cearta atá ag na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh agus ag baill foirne le linn dóibh a n-obair laethúil a dhéanamh. Tá sraith doiciméad beartais ag Spórt Éireann a ailíníonn agus a thacaíonn le cuid de phleananna agus de straitéisí náisiúnta an rialtais. Ina measc seo tá an Beartas um Mná sa Spórt, an Beartas ar Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, agus Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí Spórt Éireann. Tá ról lárnach ag Spórt Éireann freisin sa Straitéis um Imeascadh Imirceach agus sa Straitéis LGBTQIA+. Mionsonraítear sa rannán ábhartha den tuarascáil seo an ghníomhaíocht ghaolmhar a rinneadh laistigh de na réimsí sin in 2022.

Ina theannta sin, tugann Spórt Éireann dá aire an cur chuige trí chéim i leith Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme, rud ar mhol Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas é agus atá mar a leanas: measúnú, aghaidh a thabhairt, agus tuairisciú. Glacann Spórt Éireann cur chuige den chineál céanna le linn dó sainaithint a dhéanamh ar na grádáin atá ann i rannpháirtíocht sa spórt, cláir lena dtugtar aghaidh ar na grádáin sin a dhearadh agus a chur ar aghaidh, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn trínár dtuarascáil bhliantúil. Cuirtear de chúram ar Spórt Éireann le Gníomh 6 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2017 aghaidh a thabhairt ar na grádáin rannpháirtíochta atá ann sa spórt.
Is oibleagáid bhuan leanúnach é an Dualgas, agus leanfaidh Spórt Éireann le monatóireacht a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí ina leith sin agus tuairisc a thabhairt orthu.

Mar chuid de dheimhniúchán Spórt Éireann mar Áit Iontach le hOibriú, rinneadh suirbhé rannpháirtíochta foirne. Ceistíodh baill foirne faoin gcatagóir "Éagsúlacht & Cuimsiú" maidir le caitheamh cothrom i réimsí mar chlaonadh gnéasach, cine, inscne agus aois. Bhí na torthaí ar aon dul leis na cleachtais is fearr, nó i gcásanna áirithe, sháraigh siad iad. Chabhraigh na torthaí seo lenár dtiomantas d'oibleagáidí na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna a chomhlíonadh a athdhearbhú.

### Inbhuanaitheacht

Is é an cur chuige atá againn maidir le hinbhuanaitheacht a chinntiú go bhfuil Spórt Éireann meabhrach ar an gcomhshaol, freagrach go sóisialta agus inmharthana go heacnamaíoch. Ag tuiscint nach iad ár sócmhainní fisiceacha amháin ach ár ngníomhaíochtaí laethúla freisin is féidir tionchar a bheith acu ar an bpláinéad agus ar fholláine an phobail, tá inbhuanaitheacht leabaithe againn inár máistirphlean campais agus inár bpleananna oibriúcháin araon.

Tá cur chuige iomlánaíoch glactha ag Spórt Éireann i leith ár bhFís Inbhuanaitheachta, a forbraíodh in 2022 mar chuid den fhorbairt ar Chreat Inbhuanaitheachta. Ag dul ar aghaidh, ba cheart go gcuirfidh gach gníomh a dhéanann ár n-eagraíocht chun tionchar na ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaol a laghdú, chun timpeallacht níos fearr a chruthú do dhaoine, chun athléimneacht na bhfoirgneamh agus an champais a chinntiú i bhfianaise na ndúshlán a bheidh ann amach anseo, agus chun leochaileacht na heagraíochta do rioscaí comhshaoil a laghdú.

Ag feidhmiú mar threoir d'fhorbairt ár straitéise inbhuanaitheachta, leagtar amach inár bhFís Inbhuanaitheachta spriocanna uaillmhianta ar fud sé cholún inbhuanaitheachta: fuinneamh, uisce, ábhair, soghluaisteacht, bithéagsúlacht agus rialachas.

Tuigimid gur iarracht leanúnach é an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm agus nach tasc nó tionscadal aon uaire é. Ba mhaith linn ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla, trí oideachas, agus trí phlé oscailte macánta.

**Astuithe Gáis Cheaptha Teasa (GHG) 2022 v Bunlíne**

| Líon na gcustaiméirí | Bunlíne GCT (2016-2018) | GCT 2022 |
|---|---|---|
| Teirmeach [kgCO2] | 3,570,384 | 4,208,789 |
| Iompar [kgCO2] | 7,144 | 20,889 |
| Leictreachas [kgCO2] | 2,337,460 | 1,869,463 |
| Iomlán [kgCO2] | 5,914,987 | 6,099,140 |

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Ráitis Airgeadais Spórt Éireann

# Cistiú COVID-19 2022

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Cumann Peile na hÉireann | 1,500,000.00 |
| Cumann Lúthchleas Gael | 1,227,000.00 |
| Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann | 1,075,000.00 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | 989,000.00 |
| Cruicéad Éireann | 801,000.00 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | 647,000.00 |
| Cumann Snámha na hÉireann | 599,000.00 |
| Eachspórt Éireann | 460,000.00 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | 405,000.00 |
| Rámhaíocht Éireann | 405,000.00 |
| Galf Éireann | 355,000.00 |
| Badmantan Éireann | 275,000.00 |
| Trí-atlan Éireann | 260,000.00 |
| Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann | 250,000.00 |
| Rothaíocht Éireann | 245,000.00 |
| Spórt Mac Léinn Éireann | 240,000.00 |
| Cispheil Éireann | 240,000.00 |
| An Cumann Camógaíochta | 204,000.00 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – Spórt | 200,000.00 |
| Cumann Haca na hÉireann | 180,000.00 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | 175,000.00 |
| Cumann Scuaise na hÉireann | 172,000.00 |
| Spórt do Dhaoine Lagamhairc Éireann | 170,000.00 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | 158,000.00 |
| Leadóg Éireann | 154,000.00 |
| Cluichí Pobail Náisiúnta | 150,000.00 |
| Gleacaíocht Éireann | 150,000.00 |
| Cumann Pheil na mBan | 146,000.00 |
| Sléibhteoireacht Éireann | 145,000.00 |
| Aontas Canúála na hÉireann | 130,000.00 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | 119,000.00 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 112,000.00 |
| Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann | 100,000.00 |
| Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann | 85,000.00 |
| Liathróid Láimhe CLG Éireann | 80,000.00 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | 79,000.00 |
| Cumann Spóirt na hÉireann um Chasadh an Bhaitín | 75,000.00 |
| Surfáil Éireann | 70,000.00 |
| Rásaíocht Mótair Éireann | 66,000.00 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | 64,000.00 |
| ONAKAI | 60,000.00 |
| Rugbaí Sraithe | 55,000.00 |
| Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann | 50,000.00 |

## Cistiú COVID-19 2022 ar leanúint

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann | 50,000.00 |
| Tumadóireacht Éireann | 50,000.00 |
| Boghdóireacht Éireann | 47,000.00 |
| CARA | 45,000.00 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | 42,000.00 |
| Cumann Coraíochta Amaitéarach na hÉireann | 35,000.00 |
| Cónaidhm Spóirt na hÉireann | 30,000.00 |
| Bol-Chumann na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Tógála Meáchain na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Spóirt na mBodhar | 25,000.00 |
| Cumann Pionsóireachta na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Tarraingt Téide na hÉireann | 25,000.00 |
| Gluaisrothaíocht Éireann | 25,000.00 |
| Sraith Bhabhlála na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Bhabhláil Deich bPionna na hÉireann | 25,000.00 |
| Peil Mheiriceánach Éireann | 25,000.00 |
| Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Slatiascaireachta na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Haca Oighir na hÉireann | 25,000.00 |
| Peantatlan Éireann | 25,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin | 57,600.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir | 60,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí | 210,800.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall | 100,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe | 10,500.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara | 32,500.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Laoise | 94,050.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma | 81,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh | 98,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt | 47,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo | 86,800.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt na Mí | 74,800.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin | 18,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí | 52,850.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin | 11,250.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Shligigh | 60,850.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge | 75,000.00 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Loch Garman | 8,000.00 |
| **IOMLÁN** | 15,000,000.00 |

# Deontais Fuinnimh 2022

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Cumann Lúthchleas Gael | 11,730,000.00 |
| Galf Éireann | 2,113,500.00 |
| Facilities DAC | 1,800,000.00 |
| Cumann Peile na hÉireann | 1,257,000.00 |
| Staidiam Aviva | 1,034,000.00 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | 1,010,000.00 |
| Leadóg Éireann | 740,000.00 |
| Cumann Haca na hÉireann | 239,000.00 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | 171,500.00 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | 134,000.00 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | 108,000.00 |
| Eachspórt Éireann | 107,000.00 |
| Badmantan Éireann | 100,000.00 |
| Liathróid Láimhe CLG Éireann | 75,000.00 |
| Gleacaíocht Éireann | 75,000.00 |
| Cumann Scuaise na hÉireann | 58,000.00 |
| Cruicéad Éireann | 33,295.00 |
| Cispheil Éireann | 31,000.00 |
| Rámhaíocht Éireann | 29,000.00 |
| Cumann Spórt Sneachta na hÉireann | 25,000.00 |
| Cumann Snámha na hÉireann | 22,500.00 |
| SB Ireland | 15,000.00 |
| An Cumann Camógaíochta | 14,000.00 |
| Aontas Canúála na hÉireann | 13,000.00 |
| Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann | 8,000.00 |
| Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann | 6,800.00 |
| Cumann Tógála Meáchain na hÉireann | 5,800.00 |
| Tumadóireacht Éireann | 5,300.00 |
| ONAKAI | 4,200.00 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | 3,280.00 |
| Sraith Bhabhlála na hÉireann | 3,000.00 |
| Iomlán | 20,971,175.00 |

## Leithdháileadh ar Mhaoiniú Ardfheidhmíochta 2022

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | 1,041,667.00 |
| Badmantan Éireann | 346,667.00 |
| Aontas Canúála na hÉireann | 241,667.00 |
| Galf Éireann | 516,667.00 |
| Cruicéad Éireann | 693,333.00 |
| Rothaíocht Éireann | 520,000.00 |
| Gleacaíocht Éireann | 826,667.00 |
| Cumann Haca na hÉireann | 1,196,667.00 |
| Eachspórt Éireann | 1,003,333.00 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | 910,000.00 |
| Cumann Tarraingt Téide na hÉireann | 7,500.00 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 226,667.00 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | 412,500.00 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | 1,020,000.00 |
| Aontas Taecuando na hÉireann Teo | 112,500.00 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | 1,000,000.00 |
| Peantatlan Éireann | 296,667.00 |
| Rámhaíocht Éireann | 1,313,333.00 |
| Cumann Snámha na hÉireann | 990,457.00 |
| Trí-atlan Éireann | 217,500.00 |
| Iomlán | 13,190,643 |

## Tacaíocht Dhíreach do Lúthchleasaithe

| Ciste | Suim € |
|---|---|
| An Scéim Cardála Idirnáisiúnta | 3,082,250 |
| Scéim Ghairmiúil Aontas Gailf na hÉireann | 300,000 |
| Athlete Career Transition (ACT) | 147,250 |
| Scéim Mhaoinithe d'Imreoirí (Haca na mBan) | 150,000 |
| Iomlán | 3,679,500 |

## Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe 2022 - Bunchistiú

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Cumann Slatiascaireachta na hÉireann | 30,000.00 |
| Boghdóireacht Éireann | 30,000.00 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | 1,100,000.00 |
| Badmantan Éireann | 425,000.00 |
| Cispheil Éireann | 800,000.00 |
| Cumann Spóirt na hÉireann um Chasadh an Bhaitín | 40,000.00 |
| Bol-Chumann na hÉireann | 35,000.00 |
| Sraith Bhabhlála na hÉireann | 60,000.00 |
| Aontas Canúála na hÉireann | 315,000.00 |
| Cónaidhm Gailf in Éirinn | 350,000.00 |
| Cruicéad Éireann | 500,000.00 |
| Cumann Croicé na hÉireann | 25,000.00 |
| Rothaíocht Éireann | 416,465.00 |
| Liathróid Láimhe CLG Éireann | 115,000.00 |
| Gleacaíocht Éireann | 370,000.00 |
| Eachspórt Éireann | 1,005,000.00 |
| Cumann Haca Oighir na hÉireann | 33,500.00 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | 500,000.00 |
| Cumann Coraíochta Amaitéarach na hÉireann | 30,000.00 |
| Cumann Pheil Mheiriceánach na hÉireann | 45,000.00 |
| Cumann Lámhaigh Crécholúr na hÉireann | 78,000.00 |
| Cumann Spóirt na mBodhar | 67,000.00 |
| Cónaidhm Pionsóireachta na hÉireann | 73,000.00 |
| Cumann Haca na hÉireann | 365,000.00 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 150,000.00 |
| Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann | 75,000.00 |
| Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann | 60,000.00 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | 75,000.00 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | 460,000.00 |
| Cumann Scuaise na hÉireann | 230,000.00 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 125,000.00 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | 168,000.00 |
| Aontas Taecuando na hÉireann Teo | 35,000.00 |
| Cumann Bhabhláil Deich bPionna na hÉireann | 45,000.00 |
| Cumann Tarraingt Téide na hÉireann | 55,000.00 |
| Comhairle Fo-Thuinn | 110,000.00 |
| Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann | 40,000.00 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – | 315,000.00 |
| Cumann Pheil na mBan | 500,000.00 |
| Gluaisrothaíocht Éireann | 50,000.00 |
| Rásaíocht Mótair Éireann | 200,000.00 |
| Sléibhteoireacht Éireann | 275,000.00 |
| Cluichí Pobail Náisiúnta | 285,000.00 |

## Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe 2022 - Bunchistiú (ar leanúint)

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| ONAKI | 25,000.00 |
| Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann | 95,000.00 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | 40,000.00 |
| Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann | 80,000.00 |
| Rámhaíocht Éireann | 411,300.00 |
| Rugbaí Sraithe | 35,000.00 |
| Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann | 1,450,000.00 |
| Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann | 30,000.00 |
| Cumann Snámha na hÉireann | 1,050,000.00 |
| Leadóg Éireann | 715,000.00 |
| An Cumann Camógaíochta | 450,000.00 |
| Tri-atlan Éireann | 265,000.00 |
| Spórt do Dhaoine Lagamhairc Éireann | 78,000.00 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | 230,000.00 |
| Cumann Tógála Meáchain na hÉireann | 55,000.00 |
| Iomlán | 15,070,265 |

## Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt 2022 - **Bunchistiú**

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach | 226,035 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin | 282,221 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir | 352,041 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Co. Chorcaí | 582,792 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall | 359,329 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 434,065 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 281,044 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall | 350,463 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chontae na Gaillimhe | 383,236 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chiarraí | 229,817 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara | 355,128 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chill Chainnigh | 306,995 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Laoise | 324,295 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma | 221,746 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh | 503,196 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt | 273,211 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Lú | 307,445 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo | 414,695 |
| Comhpháirtíocht Spóirt na Mí | 359,847 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin | 205,707 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí | 267,630 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin | 258,945 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Shligigh | 364,668 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 279,673 |
| Tiobraid Árann Theas | 364,637 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge | 416,019 |
| Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí | 240,296 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Loch Garman | 383,761 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin | 367,376 |
| Ollscoil Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | 250,000 |
| Iomlán | 9,946,313 |

## Deontais um Mná sa Spórt 2022

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Cumann Slatiascaireachta na hÉireann | 10,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | 87,500 |
| Badmantan Éireann | 30,000 |
| Cispheil Éireann | 85,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | 52,500 |
| Cónaidhm Gailf na hÉireann | 67,500 |
| Cruicéad Éireann | 53,400 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | 14,000 |
| Rothaíocht Éireann | 152,500 |
| Cumann Pionsóireachta na hÉireann | 12,000 |
| Cumann Peile na hÉireann | 64,000 |
| Liathróid Láimhe CLG Éireann | 15,000 |
| CLG | 35,000 |
| Cumann Dornálaíochta Amaitéarach na hÉireann | 50,000 |
| Cumann Pheil Mheiriceánach na hÉireann | 10,000 |
| Gleacaíocht na hÉireann | 75,000 |
| Cumann Haca Oighir na hÉireann | 10,000 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 30,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | 90,000 |
| Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann | 11,500 |
| Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann | 5,000 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | 2,500 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | 115,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | 44,000 |
| Cumann Scuaise na hÉireann | 15,000 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 10,200 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | 23,000 |
| Cumann Tarraingt Téide na hÉireann | 15,000 |
| Comhairle Fo-Thuinn | 25,000 |
| Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann | 17,500 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – | 45,000 |
| Cumann Pheil na mBan | 49,000 |
| Sléibhteoireacht Éireann | 50,000 |
| Rásaíocht Mótair Éireann | 35,000 |
| Cluichí Pobail Náisiúnta | 25,000 |
| ONAKAI | 19,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann & CARA | 10,000 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | 3,500 |
| Rámhaíocht Éireann | 87,500 |
| Rugbaí Sraithe | 10,000 |
| Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann | 1,700 |
| Spórt Mac Léinn Éireann | 35,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | 97,500 |

## Deontais um Mná sa Spórt (ar leanúint)

| Deontaí | Suim € |
|---|---|
| Leadóg Éireann | 89,900 |
| An Cumann Camógaíochta | 46,000 |
| Tri-atlan Éireann | 72,500 |
| Spórt do Dhaoine Lagamhairc | 10,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | 103,700 |
| Cumann Tógála Meáchain na hÉireann | 15,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach | 12,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin | 5,100 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir | 17,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí | 10,900 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall | 5,000 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 14,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire | 5,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall | 13,000 |
| Contae na Gaillimhe | 12,050 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara | 16,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chill Chainnigh | 8,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Laoise | 13,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma | 2,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chathair Luimnigh | 12,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt | 11,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Lú | 9,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo | 17,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt na Mí | 24,650 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin | 12,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí | 7,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin | 4,600 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Shligigh | 22,500 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 8,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Theas | 8,000 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge | 2,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí | 5,900 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Loch Garman | 10,500 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin | 19,500 |
| Iomlán | 2,344,100 |

# Spórt Éireann

**RÁITEAS AIRGEADAIS**

**Don bhliain 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022**

## Clár Ábhair


| | Lch |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 3-10 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 11-14 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 15-16 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 17 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 18 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 19 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 20 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 21-41 |

**Spórt Éireann**

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird**

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

**Rialachas**

Bunaíodh Bord Spórt Éireann ar bhonn reachtúil an 1 Deireadh Fómhair 2015 de bhun an Achta um Spórt Éireann 2015. Tá feidhmeanna agus cuntasacht an Bhoird leagtha amach i gCód Rialachais agus Iompraíochta Gnó Spórt Éireann agus sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as Spórt Éireann a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mhórthreoir straitéiseach arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh féachaint chuige go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon rioscaí móra is dóigh a thiocfaidh chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bhainistíochta Spórt Éireann.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gCód Rialachais agus Iompar Gnó Spórt Éireann, rud ina gcuimsítear sonraí faoi na nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh ag an mBord. I measc na bpríomhrudaí a ndéanann an Bord breithniú orthu, tá:

- leasanna a nochtadh,
- tuarascálacha ó choistí,
- bainistíocht riosca,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- feidhmeanna forchoimeádta.

Ceanglaítear le hAlt 16 den Acht um Spórt Éireann 2015 ar Bhord Spórt Éireann, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, gach cuntas is cuí agus is gnách ar airgead a gheofar, a chaitear agus gach maoin, sócmhainní agus dliteanais lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe a choimeád, agus go háirithe, coimeádfaidh sé cibé cuntais speisialta (más ann) a ordóidh an tAire ó am go ham.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Spórt Éireann:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí

glacadh leis go leanfaidh sé d'oibriú, agus

- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015. Is é an Bord atá freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Spórt Éireann a choinneáil agus a sláine a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Déanann an Bord meastóireacht ar bhonn leanúnach ar fheidhmíocht Spórt Éireann trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad bliantúil agus cuireadh athbhreithniú foirmiúil ar an mbuiséad i gcrích ag cruinniú an Bhoird i mí Mheán Fómhair 2022.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais Spórt Éireann léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht an airgeadais agus ar staid airgeadais Spórt Éireann ar an 31 Nollaig 2022.

**Struchtúr an Bhoird**

Tá Cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta páirteach sa Bhord, agus ceapann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán cumarsáide gach duine acu ar feadh téarma idir trí agus cúig bliana. Ag deireadh na bliana, dhá fholúntas le líonadh.

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Ciarán Mulvey | Cathaoirleach | 1 Deireadh Fómhair 2015 |
| Mary Dorgan | Gnáthchomhalta | 1 Deireadh Fómhair 2015 |
| Olive Loughnane | Gnáthchomhalta | 10 Lúnasa 2018 |
| Roger O'Connor | Gnáthchomhalta | 10 Lúnasa 2018 |
| Lynne Cantwell | Gnáthchomhalta | 19 Deireadh Fómhair 2018 |
| lognaid Ó Muircheartaigh | Gnáthchomhalta | 21 Deireadh Fómhair 2020 |
| Jerry Grant | Gnáthchomhalta | 21 Deireadh Fómhair 2020 |
| Miriam O'Callaghan | Gnáthchomhalta | 26 Iúil 2021 |
| Páraic Duffy | Gnáthchomhalta | 26 Iúil 2021 |
| Michelle Tanner | Gnáthchomhalta | 26 Iúil 2021 |
| Deirdre Ryan | Gnáthchomhalta | 26 Iúil 2021 |

Tá na 11 fhochoiste seo a leanas bunaithe ag an mBord:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Ag deireadh na bliana, bhí an Coiste seo comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus triúr comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le riosca, rialú agus rialachas agus an dearbhú a bhaineann leis sin uile. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord go tréimhsiúil de réir mar is gá agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord uair sa bhliain. Tá Mary Dorgan (Cathaoirleach), Roger O'Connor, Miriam O'Callaghan, Bernard Allen, Walter Johnston, Padraic Moran agus Sinéad O'Connor ina mbaill den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tháinig an Coiste seo

le chéile sé huaire in 2022.

2. **An Coiste Frithdhópála:** Ag deireadh na bliana, bhí triúr comhaltaí Boird agus cúigear comhaltaí neamhspleácha ina mbaill den Choiste seo. Is é ról an Choiste seo cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann i dtaca lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 8(1)(d) go (g) den Acht um Spórt Éireann, 2015, lena n-áirítear:
   - cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, faoi Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) in aghaidh na Dópála sa Spórt agus faoi Chód an Domhain um Fhrithdhópáil.
   - cúnamh agus comhairle a sholáthar d'fhoireann Spórt Éireann maidir le beartais a chur i ngníomh.

   Is iad Roger O'Connor (Cathaoirleach), Paraic Duffy, Brendan Buckley, Elaine Breslin, David Gillick, an Dr Elizabeth Keane agus Ian Weir comhaltaí an choiste seo. Bhí Patrick O'Connor ar an gCoiste ar feadh tréimhse le linn 2022 freisin. Tháinig an Coiste seo le chéile dhá uair in 2022.

3. **An Coiste Ardfheidhmíochta:** Ag deireadh na bliana, bhí triúr comhaltaí Boird agus seisear comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste Ardfheidhmíochta cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir mar a bhaineann siad le barr feabhais a bhaint amach sa spórt iomaíoch. Is iad Olive Loughnane (Cathaoirleach), Lynne Cantwell, Deirdre Ryan, Peter Sherrard, Roy Dooney, Mike Heskin, Richard Archibald, an Dr Brian Moore agus Natalya Coyle baill an Choiste seo. Chaith Joy Neville agus Miriam Malone tamall ar an gCoiste freisin in 2022. Tháinig an Coiste seo le chéile cúig huaire in 2022.
4. **An Coiste Cóitseála:** Ag deireadh na bliana, bhí triúr comhaltaí Boird agus ocht gcomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é cuspóir an Choiste Cóitseála cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena fheidhmeanna faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir mar a bhaineann siad le cóitseáil agus cóitseálaithe a fhorbairt. Is iad Iognáid Ó'Muircheartaigh (Cathaoirleach), Padraic Moran, Mary O'Connor, Henry Shefflin, Alan Curran, an Dr Fiona Chambers, Cliona O'Leary, Catherine Flanagan agus Colin McEntee comhaltaí an Choiste seo. Chaith Patrick O'Connor agus Claire Lambe tamall ar an gCoiste seo chomh maith le linn 2022. Tháinig an Coiste seo le chéile ceithre huaire in 2021.
5. **Coiste Champas Spórt Éireann:** Ag deireadh na bliana, bhí triúr comhaltaí Boird agus seisear comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é cuspóir Choiste Champas Spórt Éireann De réir mhír 6(4)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Spórt Éireann, 2015, cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena chuid feidhmeanna a bhaineann le Campas Spórt Éireann a fhorbairt ar an láithreán. Is iad Jerry Grant (Cathaoirleach), Michelle Tanner, Miriam O'Callaghan, John Maughan, Ciaran McGivern, Roy Dooney, Sean Benton, Patrick O'Connor agus Jackie Dunne comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Coiste seo le chéile cúig huaire in 2022.

6. **Coiste na nDeontas:** Ag deireadh na bliana, tá triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste um Dheontais breithniú a dhéanamh ar dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (lena náirítear deontais um Mná sa Spórt) agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil. Is iad comhaltaí an Choiste seo ná Mary Dorgan (Cathaoirleach), Olive Loughnane, Jerry Grant agus Bernard Allen. Tháinig an Coiste seo le chéile dhá uair in 2022.

7. **An Coiste Incháilitheachta** Ag deireadh na bliana, tá triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar dheontais na critéir incháilitheachta. Is iad Kieran Mulvey (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Deirdre Ryan agus Jerry O'Dwyer comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Coiste seo le chéile uair amháin in 2022.

8. **An Coiste Taighde agus Rannpháirtíochta:** Ag deireadh na bliana, bhí triúr comhaltaí Boird agus triúr comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste Taighde maoirseacht a dhéanamh ar chlár taighde Spórt Éireann agus tuairisc a thabhairt don Bhord ar nithe a bhaineann leis an gclár. Is é feidhm an Choiste ó thaobh rannpháirtíochta de ná comhairle agus treoir a thabhairt do Bhord Spórt Éireann agus don Choiste Feidhmiúcháin maidir le forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar Phlean Rannpháirtíochta don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil, ar aon dul le Straitéis Spórt Éireann. Is iad Miriam O'Callaghan (Cathaoirleach), Iognáid Ó'Muircheartaigh, Michelle Tanner, John Hart, Sinead Heraty agus an Dr Aoife Lane comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Coiste seo le chéile sé huaire in 2022.

9. **Coiste Stiúrtha na mBan sa Spórt:** Ag deireadh na bliana, bhí triúr comhaltaí Boird agus seacht comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é ról an ghrúpa seo tacú le cur chun feidhme an Bheartais um Mná sa Spórt agus tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an Treoraí nuacheaptha um Mná sa Spórt. Is iad Lynne Cantwell (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Deirdre Ryan, Mary O'Connor, Joanne Cantwell, John Fulham, John Sweeney, Jenny Egan, Alan Milton agus Lisa Fallon comhaltaí an Choiste Stiúrtha seo. Chaith Claire Lambe tréimhse ar an gCoiste seo freisin in 2022. Tháinig an Coiste seo le chéile ceithre huaire in 2022.

10. **An Chomhairle Oideachais agus Oiliúna:** Ag deireadh na bliana, bhí comhalta Boird amháin ar an gCoiste seo, chomh maith le comhalta amháin neamhspleách agus naonúr comhaltaí feidhmiúcháin. Bunaíodh an Chomhairle Oideachais agus Oiliúna i mí Mheán Fómhair 2019 mar chuid den iarratas a rinne Spórt Éireann chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann mar Sholáthraí Ardoideachais. Déanann an Coiste maoirsiú ar chur i bhfeidhm dearbhú cáilíochta sna cláir oideachais agus oiliúna a chuireann Spórt Éireann ar fáil. Is iad Iognáid Ó'Muircheartaigh (Cathaoirleach), Michael McGeehin, Fiona Larkin, Alan O'Hare, Siobhan Leonard, Ciara Munnelly, Benny Cullen, Hayley Harrison, Paul O'Donovan, Tony Wright agus an Dr Mary Beades comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Chomhairle Oideachais agus Oiliúna le chéile ceithre huaire in 2022.

11. **An Coiste Pleanála Comharbais:** Ag deireadh na bliana, bhí triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste seo cabhrú leis an mBord maidir le POF a earcú agus a cheapadh. Is iad Kieran Mulvey (Cathaoirleach), Mary Dorgan, agus Olive Loughnane comhaltaí an Stiúrtha Choiste seo. Bhí Patrick O'Connor ar an gCoiste ar feadh tréimhse le linn 2022 freisin. Tháinig an Coiste seo le chéile uair amháin in 2022.

Nóta: Tá lánúinéireacht ag Spórt Éireann ar fho-Chuideachta (Áiseanna Spórt Éireann DAC). Is é príomhról an fho-Chuideachta saoráidí ar an gCampas Náisiúnta Spóirt a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil. Ag deireadh na bliana, is iad Roger O'Connor (Cathaoirleach), Jerry Grant, Paraic Duffy, Michelle Tanner, Patrick O'Connor, Susan Grady agus Caroline Murphy Stiúrthóirí na fo-Chuideachta. Reáchtáladh 6 chruinniú de Bhord Áiseanna Spórt Éireann DAC in 2022.

### Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Reáchtáladh 10 gcruinniú de Bhord Spórt Éireann le linn 2022. Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ag na cruinnithe Boird le linn 2022 agus cuirtear na táillí agus speansais a fuair gach comhalta san áireamh ann.

| | | | | | | | | | | | | | € | € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Ciarán Mulvey* | *10* | | | | | | | | | | | *1* | *11,970* | *3,904* |
| *Mary Dorgan* | *10* | *6* | | | | | *2* | *1* | | *3* | | *1* | *7,695* | *3,485* |
| *Patrick O'Connor* | *6* | | | | *2* | *4* | | | | | | *1* | *5,771* | *401* |
| *Lynne Cantwell* | *9* | | | *4* | | | | | | *4* | | | *7,695* | |
| *Olive Loughnane* | *9* | | | *5* | | | *1* | | | | | *1* | | |
| *Roger O'Connor* | *10* | *5* | *2* | | | | | | | | | | *7,695* | *1,354* |
| *Padraic Moran* | *6* | *3* | | | *2* | | | | | | | | *5,771* | |
| *Iognaid Ó Muircheartaigh* | *10* | | | | *4* | | | | *4* | | *4* | | *7,695* | *4,347* |
| *Jerry Grant* | *10* | | | | | *5* | *1* | | | | | | *7,695* | |
| *Páraic Duffy* | *10* | | *1* | | | | | | | | | | *7,695* | *2,613* |
| *Miriam O'Callaghan* | *10* | *6* | | | | *5* | | | *6* | | | | *7,695* | *2,558* |
| *Michelle Tanner* | *9* | | | | | *4* | | | *5* | | | | *-* | *335* |
| *Deirdre Ryan* | *8* | | | *4* | | | | *1* | | *3* | | | *-* | *-* |
| **Iomlán** | | | | | | | | | | | | | **77,377** | **18,997** |

Níor íocadh táille Bhoird in 2022 leis na comhaltaí Boird Olive Loughnane, Michelle Tanner agus Deirdre Ryan faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

### Mórathruithe ó thaobh Pearsanra

Chuaigh téarmaí Patrick O'Connor agus Padraic Moran in éag ar an 30 Meán Fómhair 2022.

## Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Spórt Éireann riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh: Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarma Fostaithe

Rangaítear sochair ghearrthéarma fostaithe atá de bhreis ar €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| Bandaí Tuarastail Bhliantúil ag deireadh na bliana | *An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022* | *An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021* |
|---|---|---|
| 60,000-69,999 | 1 | 2 |
| 70,000-79,999 | 5 | 4 |
| 80,000-89999 | 2 | 2 |
| 90,000-99999 | 3 | 2 |
| 100,000-109999 | 4 | 4 |
| 110,000-119999 | - | - |
| 120,000-129,999 | - | - |
| 130,000-139,999 | - | - |
| 140,000-149,999 | 1 | - |
| 150,000-159,999 | - | - |
| 160,000- 169,999 | - | - |
| 170,000- 179,999 | - | 1 |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear leis na sochair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí a tugadh le linn na bliana tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a ndearnadh thar ceann na bhfostaithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le Costais Sainchomhairleoireachta an costas a bhí ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

| | *An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022* | *An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhairle Dlí | 161,673 | 87,614 |
| Comhairle theicniúil | 4,816,409- | 1,934,462 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | 215,945 | 351,823 |
| Acmhainní Daonna | 11,509 | 55,171 |
| Feabhsú gnó | 143,816 | 134,169 |
| Eile | 1,096,489 | 1,827,631 |
| ***Costas Comhairleoireachta Iomlán*** | ***6,445,841*** | ***4,390,870*** |
| | | |
| Costais Chomhairleoireachta a Caipitlíodh | 4,816,409 | 1,934,462 |
| Costais Chomhairleachta a muirearaíodh chuig an gCuntas Ioncaim & Caiteachais agus chuig na Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 1,629,432 | 2,456,408 |
| ***Costas Comhairleoireachta Iomlán*** | ***6,445,841*** | ***4,390,870*** |

### Costais agus Réitigh Dlí

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa bhliain maidir le costais dlí, socraíochtaí, idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair Spórt Éireann a nochtar sna Costais Sainchomhairleoireachta thuasluaite.

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Dlí- Imeachtaí Dlí | - | - |
| Íocaíochtaí Réitigh agus Eadrána | - | - |
| Socraíochtaí | 5.50 0 | - |
| **Costas Dlí Iomlán** | **5,500** | - |

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Rangaítear costais taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| Intíre | € | € |
| - Bord | | |
| - Fostaithe | 22,649 | 6,773 |
| Idirnáisiúnta | 86,784 | 12,783 |
| - Bord | | |
| - Fostaithe ** | **2,448** | 955 |
| | 55,610 | 11,995 |
| **Costas Taistil Iomlán** | **167,491** | **32,506** |

**Áirítear le hIdirnáisiúnta i gcás Fostaithe taisteal idirnáisiúnta an POF

### Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachais foirne | 6,004 | 500 |
| Fáilteachas foirne | 158 | -- |
| **Fáilteachais Iomlán** | 6,162 | **500** |

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Bhí Spórt Éireann i gcomhréir iomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain dar chríoch 2022.

John Foley,

Cathaoirleach

23 Samhain 2023

Una May,
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

23 Samhain 2023

**Spórt Éireann**

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach**

**Raon Freagrachta**

Thar ceann Spórt Éireann, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánach, a sholáthraíonn treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm Spórt Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais

**Cumas Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Spórt Éireann, rud a chuimsíonn triúr comhaltaí Boird (amhail deireadh na bliana) agus triúr comhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Is duine amháin díobh seo an Cathaoirleach. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huaire le linn 2022.

Chomh maith leis sin, chuir Spórt Éireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil go leor acmhainní aici agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tar éis beartas bainistíochta riosca a fhorbairt ina leagtar amach a acmhainn riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca Spórt Éireann ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Chuir Spórt Éireann córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh Spórt Éireann. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an Aonad agus ar na Cláir Rioscaí Corparáideacha ar bhonn leanúnach.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú i Spórt Éireann. Leis an gclár rioscaí freisin, leagtar freagracht ar bhaill foirne sonracha as rialuithe a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i leith na bpríomhphróisis ghnó uile,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil ceadaithe a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta,
- is ann do nósanna imeachta chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise a chinntiú,
- tá córais atá i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta um rialú ar chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann ar dheontais a cheadú agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe chun dearbhú a thabhairt gur úsáideadh cistiú deontais chun na críche beartaithe.

**Feidhm Formhaoirseachta Áiseanna Spórt Éireann DAC**

Mar chuid den fhormhaoirseacht leanúnach a dhéanann Áiseanna Spórt Éireann DAC, arb í an fhochuideachta le Spórt Éireann í, tugann an Príomhoifigeach Oibríochtaí tuairisc do Bhord Spórt Éireann ag gach cruinniú de chuid an Bhoird ar fheidhmíocht shaoráidí an champais agus ar aon saincheisteanna ábhartha eile. Scrúdaítear tuarascálacha gníomhaíochta ar shaoráidí an champais ag gach cruinniú

Coiste de chuid Áiseanna Spórt Éireann DAC. Chomhaontaigh Spórt Éireann muirir idirchuideachta freisin trí chomhaontú seirbhíse le Áiseanna Spórt Éireann DAC. Chomh maith leis sin, tá comhaontú formheasta i bhfeidhm leis an bhfochuideachta ó bhí 2020 ann.

Chomh maith leis sin, déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Spórt Éireann athbhreithniú ar dhréachtráitis airgeadais bhliantúla na fochuideachta sula gcuirtear isteach iad chuig Bord Spórt Éireann lena gceadú gach bliain

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm.

- táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus próisis a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easpaí a shainaithnítear,
- táthar tar éis socruithe tuairiscithe a bhunú ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú ar bhonn rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na dtuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad agus caighdeánacha ábhartha eile.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Spórt Éireann chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair agus deimhním gur chomhlíon Spórt Éireann na nósanna imeachta sin in 2022.

**Tionchar Covid 19 ar an timpeallacht rialaithe**

Ghlac Spórt Éireann bearta láithreacha ag tús phaindéim Covid 19 chun na rioscaí a mhaolú maidir le cianobair agus easpa foirne i láthair i gCeanncheathrú Spórt Éireann go sonrach. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an gclár rioscaí chun a chinntiú go raibh rioscaí a bhain le Covid 19 léirithe ann agus iad curtha in ord a dtábhachta, de réir mar ba chuí. Mar chuid den timpeallacht rialaithe leasaithe, rinneadh athbhreithniú ar na próisis go léir maidir le híocaíochtaí deontais agus soláthraithe chun an timpeallacht nua cianoibre a léiriú. I measc na ngníomhaíochtaí a rinne Spórt Éireann agus a leanadh ar aghaidh le linn 2022, tá:

- Tús a chur le Plean Leanúnachais Gnó Covid 19.
- Bord Spórt Éireann a aistriú chuig ciantimpeallacht chun críocha cinntí gnó a dhéanamh.
- Coigeartuithe iomchuí a dhéanamh ar thimpeallacht fhisiciúil oifige Spórt Éireann i gcomhréir le treoir fhoilsithe agus sainmheasúnú.
- Measúnú leanúnach ar riosca Covid 19 don fhoireann agus páirtithe leasmhara.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann leis an bpaindéim Covid-19 agus ar chumas Spórt Éireann freagairt éifeachtach a thabhairt orthu.
- A áirithiú go mbeidh deighilt láidir dualgas i bhfeidhm i gcónaí agus go bhfuil an cumhdach leordhóthanach i bhfeidhm i gcás nach bhfuil údaráis formheasa sonracha ar fáil.
- A chinntiú go leanann gach beartas agus nós imeachta um chosaint sonraí agus bhainistíocht taifead de bheith i bhfeidhm mar is gnách.
- Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal maidir le laigí i rialuithe inmheánacha de dheasca Covid 19 agus bearta a ghlacadh chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá.

Lean Spórt Éireann ar aghaidh ag cur samhail oibre hibrideach i bhfeidhm don fhoireann i rith 2022. Leanfaidh an bhainistíocht shinsearach ag déanamh monatóireachta ar an socrú seo le linn 2023.

**Breithnithe Rialaithe Inmheánaigh maidir le Covid-19**

D'imir tús phaindéim Covid-19 in 2020 tionchar mór ar oibríochtaí Spórt Éireann, rud a chruthaigh rioscaí agus dúshláin oibriúcháin, sláinte agus sábháilteachta agus airgeadais don eagraíocht. Chuaigh gníomhaíochtaí nua, ath-thosaíocht oibre agus brú chun seirbhísí a sholáthar i bhfeidhm ar oibríochtaí agus ar fhoireann Spórt Éireann. Tá measúnú déanta ar na rioscaí seo, rinneadh iad a dhoiciméadú ar an gClár Rioscaí agus tá bearta maolaithe curtha i bhfeidhm. Tá monatóireacht leanúnach á dhéanamh ar na rioscaí agus gníomhartha riachtanacha. Rinne an Bord measúnú ar na dúshláin a tharla de bharr Covid-19 ó thaobh rialuithe inmheánacha éifeachtacha a choinneáil, ag cuimsiú treoir a d'eisigh Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an Bord den tuairim nár tharla aon athrú ábhartha ar fheidhmiú na timpeallachta rialaithe inmheánaigh i Spórt Éireann mar thoradh ar an Covid-19 le linn 2022.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil nósanna i bhfeidhm i Spórt Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe.

Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Spórt Éireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú Spórt Éireann ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i gcomhréir le ceanglais an chóid.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:



John Foley,

Cathaoirleach

Dáta: 23 Samhain 2023

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Spórt Éireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Spórt Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 16 den Acht um Spórt Éireann 2015. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchiste ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhaidh airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais seo léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais ag Spórt Éireann ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2022 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *Bonn na tuairime*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar tuairisc ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Spórt Éireann agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidimse gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair áirithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha isteach ag Spórt Éireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéise den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam chuige sin.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**01 Nollaig 2023**

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as:

- ráitis airgeadais bhliantúil a ullmhú mar a leagtar amach ina Alt 16 den Acht um Spórt Éireann 2015
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- breithiúnas a dhéanamh maidir le húsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a bheith iomchuí, agus
- an méid rialaithe Inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí a úsáid chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm faoi alt 16 den Acht um Spórt Éireann iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Spórt Éireann agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil an cuntas ina iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de dheasca calaoisí nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, go mbraithfidh sé míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh sé go dtagann míráitis aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomhiomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; a dearadh agus cur i gcrích nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist gan míshonrú ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d’fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d’fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe bainteacha.
- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid an bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras mór ar chumas Spórt Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal gur ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá sé de cheangal orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuair mé suas go dáta na tuarascála. D’fhéadfadh imeachtaí nó imthosca a bheith ann amach anseo, áfach, a d’fhágfadh nach mbeadh Spórt Éireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha..

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más fíor, i mo thuairimse, aon cheann de na ráitis seo a leanas:

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m’iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh orthu, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta

### *Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m’iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir le na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go bhfuilim den tuairim go raibh míshonrú ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déanaim m’iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tugaim tuairisc má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc má tá aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

**Spórt Éireann**
**RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE**
***Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022***

**RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE**
*Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022*

| | Nótaí | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 € | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Oireachtas | 2 | 136,097,581 | 167,687,222 |
| Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin | 2 & 21 | 12,009,782 | 8,179,987 |
| Acmhainní Dílse | 3 | 1,114,298 | 720,126 |
| Glanchistiú Pinsin Iarchurtha | 10c | 1,035,441 | 966,756 |
| Ioncam Eile | 4 | 444,675 | 228,033 |
| **Ioncam Iomlán** | | **150,701,777** | **177,782,124** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais Reatha atá Iníoctha | Sa | 109,602,548 | 144,061,465 |
| Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin | Sb | 12,009,782 | 8,179,987 |
| Deontais ó Chiste Éire Shláintiúil | Sc | 1,426,315 | 1,321,324 |
| Cláir Eile | 6 | 9,436,281 | 8,406,926 |
| Riarachán | 7 | 1,094,514 | 963,822 |
| Costais Foirne | 8 | 6,152,380 | 5,646,474 |
| Costais sochar scoir | 10a | 1,240,000 | 978,000 |
| Dímheas | 11 | 6,264,783 | 5,793,974 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **147,226,604** | **175,351,971** |
| | | | |
| ***Barrachas don bhliain roimh aistriú ón gCúlchiste Caipitil*** | | ***3,475,173*** | ***2,430,153*** |
| | | | |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | 9 | (6,618,625) | 1,500,726 |
| | | | |
| ***Barrachas don bhliain tar éis aistriú ón gCúlchiste Caipitil*** | | **(3,143,452}** | **3,930,879** |
| | | | |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir | | 8,312,693 | 4,381,814 |
| | | | |
| ***Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar an 31 Nollaig*** | | **5,169,241** | **8,312,693** |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta Ráiteas Staid an Airgeadais.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 21.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:

John Foley,
Cathaoirleach
23 Samhain 2023

Úna May,
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin 23
Samhain 2023

**Spórt Éireann**
**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH**
***Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022***

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH**

*Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022*

| | Nótaí | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 € | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain tar éis aistriú ón gCúlchiste Caipitil** | | **(3,143,452)** | **3,930,879** |
| (Caillteanas)/gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir | 10 b | (722,000) | (276,000) |
| Athrú sna toimhdí atá mar bhunús le luach láithreach na n-oibleagáidí sochar scoir | 10 b | 7,327,000 | (1,154,000) |
| **(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain** | | **6,605,000** | **(1,430,000)** |
| Coigeartú ar mhaoiniú um shochair scoir iarchurtha | | (6,605,000) | 1,430,000 |
| ***Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain*** | | ***{3,143,452)*** | ***3,930,879*** |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 21.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:

John Foley,

Cathaoirleach
23 Samhain 2023

Una May,
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin 23
Samhain 2023

**Spórt Éireann**

## RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

***Amhail an 31 Nollaig 2022***

| | Nótaí | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra & Trealamh | 12 | 152,953,632 | 146,335,007 |
| Sócmhainní Airgeadais | 13 | 1 | 1 |
| **Sócmhainní Seasta Iomlána** | | **152,953,633** | **146,335,008** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 14 | 629,224 | 629,242 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 30,753,033 | 17,690,980 |
| | | **31,382,257** | **18,320,221** |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Méideanna iníoctha | 15 | (26,213,017) | {10,007,530) |
| | | | |
| **(Glandliteanais)/Glansócmhainní Reatha** | | 5,169,240 | 8,312,691 |
| | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 10d | {16,100,000) | (21,671,000) |
| Sócmhainn maoinithe um shochair scoir iarchurtha | 10b | 16,100,000 | 21,671,000 |
| | | | |
| ***Glansócmhainní Iomlána*** | | ***158,122,873*** | ***154,647,700*** |
| | | | |
| **Ionadaí ar** | | | |
| Cuntas Caipitil | 9 | 152,953,632 | 146,335,007 |
| Cúlchistí coinnithe ioncaim | | 5,169,241 | 8,312,693 |
| | | | |
| ***Cothromas*** | | ***158,122,873*** | ***154,647,700*** |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 21.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:

John Foley,
Cathaoirleach
23 Samhain 2023

Una May
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
23 Samhain 2023

**Spórt Éireann**
**RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID**
***Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022***

| | Nótaí | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 € | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an Ghlanbharrachais Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don bhliain tar éis aistriú ón gCúlchiste Caipitil | | (3,143,452) | 3,930,879 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | - | (324) |
| | | - | - |
| Dímheas | 11 | 6,264,783 | 5,793,378 |
| Ús Bainc a Fuarthas | 4 | | |
| Cánachas Íoctha | | | |
| Aistriú (ón) gCúlchiste Caipitil | 9 | (6,264,783) | (5,793,973) |
| Laghdú/(méadú ) ar Infháltais | 14 | 18 | 230,813 |
| (Méadú)/Laghdú i Méideanna Iníoctha | 15 | 16,205,487 | 7,281,401 |
| **Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **13,062,054** | **11,442,175** |
| **Ráiteas Sreabhaidh Airgid** | | | |
| **Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | 13,062,054 | 11,442,175 |
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus fónamh airgeadais** | | | |
| Ús Bainc | 4 | | |
| | | - | |
| **Caiteachas Caipitil** | | | |
| Íocaíocht chun sócmhainní seasta a fháil | | (12,883,408) | (4,293,842) |
| Fáltais ó dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | | 919 |
| **Sreabhadh Glan Airgid ó Chaiteachas Caipitil** | | (12,883,408) | (4,292,923) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Deontais Chaipitil | | **12,883,408** | **4,293,842** |
| **Sreabhadh Glan Airgid ó Chaiteachas Caipitil** | | **12,883,408** | **4,293,842** |
| ***(Laghdú}/Méadú ar Airgead Tirim*** | | ***13,062,054*** | ***11,443,094*** |
| **Gluaiseacht sa ghlanchiste don bhliain** | | 13,062,054 | 11,443,093 |
| Airgead tirim sa Bhanc ar an 1 Eanáir | | 17,690,980 | 6,247,887 |
| ***Airgead tirim sa Bhanc ar an 31 Nollaig*** | | ***30,753,033*** | ***17,690,980*** |

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Spórt Éireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Is mar seo a leanas atá príomhchuspóirí Spórt Éireann, faoi mar a leagtar amach i gCuid II den Acht um Spórt Éireann, 2015:

- Cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spórt iomaíoch, a spreagadh;
- Straitéisí a fhorbairt le haghaidh an rannpháirtíocht sa spórt áineasa a mhéadú agus comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéisí sin ag na comhlachtaí uile (lena n-áirítear údaráis phoiblí agus comhlachtaí a fhaigheann cistiú poiblí) a bhfuil baint acu leis an spórt áineasa a chur chun cinn agus le saoráidí áineasa a sholáthar;
- Tabhairt faoi cibé gníomhaíocht a mheasfar a bheith cuí, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spórt a chomhrac;
- Nuair ba chuí leis an mBord déanamh amhlaidh, taighde thionscnamh agus a spreagadh maidir leis an spórt iomaíoch nó maidir leis an spórt áineasa, nó maidir leis an dá cheann díobh;
- Nuair ba chuí leis an mBord déanamh amhlaidh, taighde a éascú agus faisnéis a scaipeadh maidir leis an spórt iomaíoch nó an spórt áineasa, nó maidir leis an dá cheann díobh:
- Campas Spórt Éireann a fhorbairt, a chur chun cinn, a oibriú agus a chothabháil.
- Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Spórt Éireann.

### b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Spórt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis, lena n-áirítear FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

### c) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luach cóir, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht um Spórt Éireann, 2015.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a measadh a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Spórt Éireann.

### d) Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Tá Áiseanna Spórt Éireann DAC faoi lánúinéireacht Spórt Éireann agus déanann an chuideachta na saoráidí ar Champas Spórt Éireann a oibriú agus a chothabháil.

Tá Spórt Éireann díolmhaithe ón gceanglas chun na ráitis airgeadais bhliantúla a chur i láthair mar ráitis chomhdhlúite leis an bhfochuideachta. Faoi alt 9(g) de FRS 102, níl sé sin ina cheanglas faoin gcreat reachtúil ná mar chuid den fhormáid arna comhaontú leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Cuirtear ráitis airgeadais Áiseanna Spórt Éireann DAC i láthair ar leithligh. Tá tuilleadh faisnéise faoin bhfochuideachta tugtha i Nóta 13 leis na ráitis airgeadais.

**e) Ioncam**

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear deontais ón Oireachtas ar bhonn airgid de ghnáth, gan deontais chaipitil neamhchaite a soláthraíodh le haghaidh cuspóirí sonracha a áireamh. Déantar na deontais chaipitil sin a iarchur agus a aithint sa bhliain inar tabhaíodh an caiteachas.

Aisíocaíochtaí na ndeontas a íocadh

Bíonn deontais a íocadh in-aisíoctha in imthosca áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is dócha go bhfaighidh Spórt Éireann an t-airgead agus nuair is féidir an méid a mheas go cruinn. Dá bhrí sin, tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhraithe. Ní raibh aon aisíocaíochtaí deontais ann in 2022.

Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**f) Deontais Iníoctha**

Cuireann Spórt Éireann íocaíochtaí Deontais leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íoctar deontais. Bíonn deontais iníoctha nuair a chomhlíontar na téarmaí agus coinníollacha le heagraíochtaí deonaithe bunaithe ar phróiseas iarratais maoinithe Spórt Éireann, a thosaíonn i Ráithe 3 gach bliain. Cuireadh eagraíochtaí is deontaithe ar an eolas faoi na ceanglais tuairiscithe faoi chiorclán 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste, agus athbhreithníonn Spórt Éireann na ráitis airgeadais de chuid gach comhlachta is deontaí chun comhlíonadh a chinntiú ina leith sin.

**g) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú. Tuairiscítear an dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh ar fad ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fónta measta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| An Campas Náisiúnta Spórt & Saoráidí Campais | 2% | in aghaidh na bliana |
| Áiseanna an Champais (Saolré 30 Bliain) | 3.33% | in aghaidh na bliana |
| Áiseanna an Champais (Saolré 10 Bliain) | 10% | in aghaidh na bliana |
| Áiseanna an Champais (Saolré 5 Bliain) | 20% | in aghaidh na bliana |
| Bonneagar, Máistirphleanáil & Dearadh | 15% | in aghaidh na bliana |
| Straitéis maidir le Tionscadail Chaipitil an Champais | 100% | in aghaidh na bliana |

| | | |
|---|---|---|
| Talamh & Foirgnimh Champais (Saolré 50 Bliain) | 2% | in aghaidh na bliana |
| Carrchlóis (Saolré 40 Bliain) | 2.5% | in aghaidh na bliana |
| Foirgnimh (Saolré 30 Bliain) | 3.33% | in aghaidh na bliana |
| Feistiú Oifige /Daingneáin & Feistis | 20% | in aghaidh na bliana |
| Ríomhairí & Trealamh TF | 33.33% | in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% | in aghaidh na bliana |
| Feabhsuithe Léasachta | 10% | in aghaidh na bliana |

Ní dhímheastar an talamh ar Champas Spórt Éireann, Teach Bhaile an Aba ná aon sócmhainní atá á dtógáil. Cuirtear na rátaí dímheasa iomchuí i bhfeidhm a luaithe a chríochnaítear tionscadail atá á dtógáil.

Is éard atá i gceist le luach iarmharach an tsuim measta a bheadh á fháil faoi láthair dá ndéanfaí sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnúchán luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus i gCúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

**h) Sócmhainní Airgeadais**

Sócmhainní Airgeadais Eile

Tá Áiseanna Spórt Éireann DAC faoi lánúinéireacht Spórt Éireann agus léiríonn a scairchaipiteal gnáthscair amháin dar parluach Euro amháin. Déanann Áiseanna Spórt Éireann DAC na saoráidí ar Champas Spórt Éireann a oibriú agus a chothabháil.

**i) Méideanna infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach an fhoráil d'fhiachais amhrasacha, agus leagtar síos é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Spórt Éireann in ann gach suim atá dlite dó a bhailiú. Tuairiscítear do na hathruithe go léir i soláthar na bhfiach amhrasach sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**j) Méideanna iníoctha**

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir ar dtús. Rangaítear suimeanna iníoctha mar reatha má tá siad iníoctha laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, cuirtear i láthair iad mar dhliteanais neamhreatha.

**k) Sochair Fostaithe**

Sochair ghearrthéarma

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Feidhmíonn Spórt Éireann scéim pinsean sochair shainithe. Cistítear an scéim gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastal na mball foirne agus na mball. Feidhmíonn Spórt Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") freisin. Is scéim sochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Aistrítear na ranníocaíochtaí a dhéanann fostaithe leis an scéim aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an Phlean Forbartha Náisiúnta. Aistrítear chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na ranníocaíochtaí uile eile a dhéanann fostaithe.

Léirítear i gcostais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin ó bhaill foirne. Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid is féidir í a aisghabháil agus fritháirítear í in aghaidh deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsin Spórt Éireann agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

## I) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an ráiteas ar staid an airgeadais agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Sócmhainní atá faoi réir amúchadh, déantar iad a athbhreithniú le haghaidh bearnú nuair a léirítear in eachtraí nó in athruithe ar chúinsí go bhféadfadh nach mbeifí in ann an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim in-aisghabhála na sócmhainne. Is ionann an méid atá in-aisghabhála agus an méid is airde nuair a bhaintear

luach cóir sócmhainne ón gcostas díola agus a luach úsáide. D'fhonn bearnú a mheasúnú, rangaítear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid) ann. Sócmhainní neamhairgeadais a ndearnadh bearnú orthu, athbhreithnítear iad le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Forálacha

Déanann Spórt Éireann forálacha d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol di nár comhlíonadh go fóill ag dáta deiridh na bliana. Déantar na forálacha seo, go ginearálta, bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, agus déantar iad a choigeartú i dtaobh treochtaí a sonraíodh le déanaí. Mar sin féin, meastacháin is iad de chostais airgeadais eachtraí nach gá go dtarlóidís ar feadh na mblianta. Mar thoradh air seo agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh an toradh féin a bheith an-éagsúil ón toradh sin a rinneadh a mheas.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaoltréimhsí na sócmhainní agus ar na luacha iarmharacha atá gaolmhar le gach aon aicme de shócmhainn sheasta daingneáin agus feistis agus tháinig an Bord ar an tuairim go raibh saoltréimhsí na sócmhainní agus na luacha iarmharacha iomchuí.

Oibleagáidí Socair Scoir

Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta.
(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí.

## 2. Deontais ón Oireachtas

Mar atá leagtha amach i Nóta 1(e) den Bheartas Cuntasaíochta, aithnítear deontais ón Oireachtas mar ioncam ar bhonn mhéid an airgid a fhaightear. Is comhdhéanta díobh seo a leanas atá na Deontais ón Oireachtas a fuair Spórt Éireann ó Vóta 31 – an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

| | Fo-cheanntheideal | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|---|
| | 31 | € | € |
| Deontas Athfhillteach | D.S | 119,557,110 | 157,830,700 |
| Lúide Asbhaintí Pinsin Fostaithe atá In-aisíoctha | | (164,000) | {158,000) |
| Deontas Athfhillteach Iomlán | | 119,393,110 | 157,672,700 |
| An Roinn Sláinte- Ciste Éire Shláintiúil | | 1,656,255 | 1,900,000 |
| Maoiniú Caipitil | B.2 | 15,048,216 | 8,114,522 |
| **Deontais Iomlána ón Oireachtas** | | **136,097,581** | **167,687,222** |
| Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin: Reatha | D.6 | 10,314,487 | 6,594,987 |
| Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin: Caipiteal | D.6 | 1,695,295 | 1,585,000 |
| **Deontais Iomlána ó Chiste na gCuntas Díomhaoin** | | **12,009,782** | **8,179,987** |

**Deontais Athfhillteacha:**

Cuireann Spórt Éireann íocaíochtaí Deontais leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íoctar deontais.

Íoctar deontais le heagraíochtaí is deontaithe iad bunaithe ar phróiseas iarratais chistiúcháin Spórt Éireann, rud a thosaíonn sa tríú ráithe gach bliain chun freastal ar íocaíochtaí deontais na bliana dár gcionn. Cuireadh eagraíochtaí is deontaithe ar an eolas faoi na ceanglais

tuairiscithe faoi chiorclán 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste, agus athbhreithníonn Spórt Éireann na ráitis airgeadais de chuid gach comhlachta is deontaí chun comhlíonadh a chinntiú ina leith sin.

Úsáidtear an deontas seo le haghaidh costais phá, riarachán ginearálta agus costais chláir, agus deontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spórt. Ba é méid an deontais athfhilltigh a fuarthas in 2022 ná €133,585,935, lena n-áirítear €15,000,000 imfhálaithe do mhaoiniú athléimneachta Covid agus €35,000,000 go sonrach do mhaoiniú Athléimneacht Fuinnimh san earnáil spóirt, ar aithníodh €20,971,175 mar ioncam agus áiríodh an t-iarmhéid mar ioncam iarchurtha. Chloígh an Bord le téarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn. Tá córais imleora rialaithe airgeadais i bhfeidhm ag an mBord chun deontais a fhaightear ón Roinn a bhainistiú.

**Scéim Tacaíochta Fuinnimh Spóirt na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:**

Fuair Spórt Éireann €35,000,000 breise ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar Scéim Tacaíochta Fuinnimh Spóirt chun tacaíocht airgeadais bhreise a chur ar fáil don earnáil spóirt. Reáchtáil Spórt Éireann Scéim Tacaíochta Fuinnimh Spóirt le linn 2022 maidir leis

an maoiniú breise agus rinneadh leithdháiltí deontais don earnáil roimh dheireadh na bliana i gcomhréir le

faomhadh an Bhoird, ar fiú €20,971,175 san iomlán é. Táthar ag súil go ndéanfaidh Spórt Éireann an t-iarmhéid atá fágtha €14,028,825 a eisíoc faoi scéim chomhchosúil in 2023 agus tá sé curtha siar ar an mbonn seo ag teacht leis an athrú ar bheartas cuntasaíochta do dheontais imfhálaithe mar a shonraítear i Nóta E, Ioncam.

**Deontais Chaipitil**

Fuarthas deontas caipitil de €15,048,216 freisin ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2022 chun na háiseanna ar Champas Spórt Éireann a chothabháil agus a fheabhsú..

**Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin:**

Ba é an Deontas Cuntas Díomhaoin a fuarthas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ná €12,000,000 do thionscadail lena n-áirítear Mol Spóirt Pobail, Oiliúint maidir le Míchumas sa Spóirt, Tacaíocht d'Oibrithe Deonacha agus Oiliúint Ceannaireachta Óige. Aithníodh suim de €12,009,782 mar ioncam ag teacht le caiteachas, ag fágáil iarmhéid de €1,810,231 mar ioncam iarchurtha.

**Deontais Éire Shláintiúil:**

Ba ionann an Deontas Éire Shláintiúil a fuarthas ón Roinn Sláinte agus €1,656,255 do thionscadail lena náirítear 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh/ag Siúl/ag Rothaíocht/ag Rith agus Feachtas 'Lets Get Back' 2022.

## 3. Acmhainní Dílse

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam Cíosa | 446,019 | 338,133 |
| Cíos ón gCeanncheathrú Spóirt* | 149,343 | 101,174 |
| Ioncam ó Thástáil Frithdhópála | 106,020 | **80,861** |
| Seirbhísí d'Imreoirí agus do Lúthchleasaithe | 218,244 | 115,198 |
| Institiúid Spórt Éireann | 64,980 | 32,894 |
| Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir | 63,113 | 25,816 |
| Aonad Cóitseála Spórt Éireann | 66,579 | 26,050 |
| **Acmhainní Dílse Iomlána** | **1,114,298** | **720,126** |

* Léiríonn sé seo ranníocaíochtaí le costais reatha, a léirítear faoi "Ceanncheathrú Spóirt", féach Nóta 6.

## 4. Ioncam Eile

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ón Aontas Eorpach | 93,574 | 43,153 |
| Seachtain Eorpach an Spóirt | 291,272 | 148,640 |
| Ioncam Eile | 59,829 | 36,240 |
| **Ioncam Eile Iomlán** | **444,675** | **228,033** |

## 5. Deontais Iníoctha

### a) Deontais Reatha

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt* | 15,070,265 | 14,111,000 |
| Scéim Athléimneachta Covid**** | 15,000,000 | 73,617,001 |
| An Scéim Cardála Idirnáisiúnta* | 3,379,500 | 3,013,875 |
| Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt* | 9,946,313 | 9,686,319 |
| Spóirt Mhachaire na hÓige* | 10,440,496 | 10,470,496 |
| Deontas Staidiam Aviva*** | 2,544,600 | 2,544,600 |
| Deontais Ardfheidhmíochta* | 13,190,643 | 11,111,955 |
| Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt* | 2,344,100 | 1,912,400 |
| Scéim Athléimneachta Fuinnimh DPER**** | 20,971,175 | - |
| Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann | 3,785,000 | 2,200,000 |
| Iontaobhas Ghalf Fhoireann na hÉireann | 300,000 | - |
| Spórt Mac Léinn Éireann | 60,000 | 75,000 |
| Deontas Staidiam Morton | 153,732 | 150,000 |
| Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann | 600,000 | 420,000 |
| An Chomhairle Pharailimpeach | 480,000 | 400,000 |
| Spórt Scoileanna Speisialta na hÉireann | 25,000 | 25,000 |
| Cónaidhm Spóirt na hÉireann | 171,000 | 115,000 |
| An Scéim Deontas do Spóirt Áineasa | - | 40,000 |
| Deontas Caipitil Áiseanna Spórt Éireann** | 2,492,663 | 2,785,897 |
| Deontas Oibriúcháin Áiseanna Spórt Éireann** | 2,095,000 | 5,490,000 |
| Daoine Scothaosta agus an Spórt | 607,605 | 607,605 |
| Ollscoil Luimnigh- Linn 50 Méadar | 300,000 | 299,301 |
| Deontas Institiúid PEP Spórt Éireann | 3,665 | - |
| An Scéim Tacaíochta Imreoirí Idirchontae CLG | 5,641,791 | 4,986,016 |
| **Deontais Iomlána atá Iníoctha** | **109,602,548** | **144,061,465** |

* Tá anailís ar na figiúirí Deontas leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil.
** Idirbhearta le Áiseanna Spórt Éireann DAC.
*** Mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le feidhmiú leanúnach Staidiam Aviva; i mí Aibreáin 2020, d'aontaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt deontas inchúitithe a sholáthar don FAI don

tsuim €7,633,800, chun an táille ceadúnais iníoctha ag an FAI le New Stadium DAC thar an tréimhse trí bliana 2020-2022 a chlúdach.

Tá an deontas seo iníoctha ag Spórt Éireann i dtrí thráthchuid chothroma thar an tréimhse trí bliana atá i gceist agus beidh sé in-aisíoctha ag Spórt Éireann ón FAI, ó 2024 (san áireamh) i bhfoirm laghdú deontais de €1,000,000 in aghaidh na bliana, go dtí go bhfaightear an tsuim iomlán de €7,633,800 ar ais. Toisc go bhfuil an deontas á fháil ar ais ó airgead a sholáthair an Státchiste, tá sé á aithint mar chaiteachas reatha.

**** Scéim Athléimneachta Covid agus Scéim Fuinnimh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Féach Nóta 2.

### b) Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Mol Spóirt sa Phobal* | 1,856,600 | 1,849,662 |
| Ceannaireacht Óige* | 556,350 | 410,870 |
| Feachtais & Promóisin | 816,720 | |
| Oiliúint sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas | 2,907,378 | 627,252 |
| Tacaíocht d'Oibrithe Deonacha | 443,428 | 485,540 |
| Meastóireacht | 174,899 | 396,327 |
| Riarachán | 450,000 | **450,000** |
| Cuir Éire ag Rothaíocht | **247,500** | **15,000** |
| Cuir Éire ag Siúl | **225,000** | **22,500** |
| Cuir Éire ag Snámh | 127,500 | 150,000 |
| Cuir Éire ag Rith | 127,500 | 150,000 |
| Cláir Nuálaíochta | 917,530 | |
| Cistiú Rannpháirtíochta do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta | 1,108,050 | 1,068,500 |
| Cláir Éagsúla | 2,051,327 | 2,554,336 |
| **Deontais Iomlána ó Chiste na gCuntas Díomhaoin**** | **12,009,782** | **8,179,987** |

*Tá anailís ar fhigiúirí na nDeontas leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil.

**Féach Nóta 21 - Coigeartú na Bliana Roimhe

## c) Deontais Éire Shláintiúil

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontais CÁS | 308,069 | 750 |
| Deontas CNR | 80,971 | |
| Lá Náisiúnta Corpacmhainne | 13,500 | 20,000 |
| Aois & Deiseanna Éireann | 1,500 | |
| Cuir Éire ag Snámh | 120,000 | 120,000 |
| Cuir Éire ag Siúl | 130,000 | 127,000 |
| Cuir Éire ag Rothaíocht | 115,000 | 113,500 |
| Cuir Éire ag Rith | 120,000 | 120,000 |
| Feachtais & Promóisin | 356,577 | 350,000 |
| Operation Transformation | | 36,500 |
| Cluichí Oilimpeacha Speisialta | 9,000 | 11,000 |
| Clubanna Sláintiúla CLG | 9,000 | 10,000 |
| Deontais Taighde | - | 124,542 |
| Bunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta an Aonaid um Ghníomhaíocht | 142,698 | 268,032 |
| Táille Riaracháin | 20,000 | 20,000 |
| | **1,426,315** | **1,321,324** |

## 6. Cláir Eile

*Baineann siad seo le costais reatha. Léirítear ioncam a bhaineann go díreach leis na costais seo faoi "Acmhainní Dílse" – féach Nóta 3.

| | FRITHDHÓPÁIL | RANNPHÁIRTÍOCHT CNR | COMMUNICATIONS | | ARDF HEIDHMÍOCHT | INSTITIÚID SPÓIRT | CÓITSEÁIL ÉIREANN | FAOIN AER | CAMPAS | IOMLÁN 31 Noll | IOMLÁN 31 Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2022** | 2022 | **2022** | **2022** | 2022 | **2022** | **2022** | 2022 | **2022** | 2022 | **2021** |
| | € | € | € | € | € | € | € | € | € | € | € |
| Tástáil Frithdhópála | 1,418,580 | | | | | | | | | 1,418,580 | 1,300,877 |
| Tionscadail Taighde | | 3,000 | | 617,626 | | | | | | 620,626 | 643,404 |
| Forbairt CNR | | 252,131 | | | | | | | | 252,131 | 28,000 |
| Forbairt Chlár | | 179,595 | 190,195 | 384,599 | 84,312 | - | - | 185,008 | - | 1,023,709 | 929,319 |
| Seachtain Eorpach Spóirt an AE | - | | - | 284,028 | - | - | 7,756 | - | - | 291,784 | 175,606 |
| Cigireachtaí ón Aonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir | - | | - | - | - | - | - | 222,599 | - | 222,599 | |
| Deontais ón Aonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir | - | - | - | - | - | - | - | 75,000 | - | 75,000 | 207,863 |
| Forbairt na hInstitiúide | - | - | - | - | - | 2,503,274 | - | - | - | 2,503,274 | 2,409,062 |
| ceanncheathrú Spóirt* | - | 210,973 | - | - | - | - | - | - | - | 210,973 | 1�1,526 |
| Conraitheoirí/Seachfhoinsithe | - | - | - | - | - | 242,426 | 1,776 | 90,242 | - | 334,444 | 331,403 |
| Oiliúint do Theagascóirí | - | - | - | - | - | - | 54,367 | - | - | 54,367 | 57,829 |
| Cothabháil an Champais | - | - | - | - | - | - | - | - | 204,470 | 204,470 | 179,192 |
| Foireann agus Oiliúint | **48** | 5,012 | 7,860 | 420 | 2,119 | 6,954 | 2,281 | 1,967 | 569 | 27,230 | 32,702 |
| Costais Riaracháin Oifige | 34,526 | 29,441 | 13,874 | 31,349 | 20,256 | 273,069 | 84,486 | 27,710 | 174,034 | 688,745 | 564,580 |
| Taisteal, Cothú agus Cruinnithe | 20,854 | 3,323 | 3,356 | 50,894 | 11,398 | 7,725 | 53,105 | 8,970 | 1,398 | 161,023 | 21,864 |
| Táillí Gairmiúla | 89,866 | 12,846 | - | - | 20,607 | - | - | 25,291 | - | 148,610 | 138,543 |
| Bogearraí agus Tacaíocht Ríomhaireachta | 140,147 | 135,216 | 25,237 | 1,461 | 42,237 | 131,919 | 61,762 | 1,875 | 492 | 540,346 | 353,513 |
| Caidreamh Poiblí, Priontáil agus Stáiseanóireacht | 10,526 | 12,051 | 528,652 | 48,534 | 7,551 | 16,823 | 6,375 | 1,116 | 20,753 | 652,381 | 838,528 |
| Postas agus Cúiréireacht | 1,992 | | 275 | 849 | 91 | 1.566 | 875 | 91 | 250 | 5,989 | 3,115 |
| Cláir Eile Iomlána | **1,716,539** | **843,588** | **769,450** | **1,419,760** | **188,571** | **3,183,755 �** | **272,784** | **639,868** | **401,965** | **9,436,281** | **8,406,926** |

## 6. Riarachán

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Speansais agus Oiliúint Foirne | 156,349 | 76,192 |
| Cíos agus Maoin | 32,285 | 27,354 9,776 |
| Cothabháil agus Deisiúcháin | 11,776 | |
| Árachas | 28,591 | 27,060 |
| Teileafón | 8,278 | 4,715 |
| Solas agus Teas | 6,756 | 7,403 |
| Comhaltaí Boird, Taisteal, Cothú agus Cruinnithe | 172,370 | 103,566 |
| Táillí Iniúchóireachta | 170,735 | 254,111 |
| Táillí Iniúchóireachta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 35,200 | 32,000 |
| Táillí Gairmiúla | 93,353 | 156,337 |
| Bogearraí agus Tacaíocht Ríomhaireachta | 255,719 | 187,181 |
| Priontáil agus Stáiseanóireacht | 22,308 | 12,568 |
| Postas agus Cúiréireacht | 8,476 | 7,930 |
| Ilchostais | 55,614 | 57,965 |
| Ceannacháin Mion-Sócmhainní Luacha | 36,704 | |
| Caillteanas/(Gnóthachan) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | {324) |
| **Riarachán Iomlán** | **1,094,514** | **963,822** |

## 7. Luach Saothair

### (a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

Ba é 61 ball foirne buan an líon foirne iomlán a bhí ceadaithe ag an Aire ag an 31 Nollaig 2022. Ba é 55 duine an meánlíon fostaithe a bhí ann, gan baill foirne gníomhaireachta a áireamh. Ba mar seo a leanas a bhí na costais chomhlánaithe fostaithe agus na costais ghaolmhara:

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 3,041,743 | 2,938,623 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra | 325,004 | 313,986 |
| Fabhrú Pá Saoire Foirne | 14,902 | 5,206 |
| Baill Foirne Gníomhaireachta | 2,770,731 | 2,388,659 |
| **Líon Iomlán na mBall Foirne** | **6,152,380** | **5,646,474** |
| Leithdháileadh Tuarastal/ÁSPC ó Chiste na gCuntas Díomhaoin | 224,040 | 223,880 |
| Leithdháileadh Tacaíochta Oibriúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin | 271,760 | 324,195 |
| | **495,800** | **548,075** |
| | **6,648,180** | **6,194,549** |

## Costais Foirne de réir Aonaid

| | Tuarastail | ER ÁSPC Ranníocaíochtaí | Foireann Saoire Pá Fabhruithe | Baill Foirne Gníomhaireachta | 31 Nollaig 2022 | 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Riarachán | 684,056 | 71,936 | 14,902 | 757,646 | 1,528,540 | 1,295,209 |
| Frithdhópáil | 350,732 | 37,983 | | 100,890 | 489,605 | 597,656 |
| CNR | 280,790 | 30,542 | | 156,888 | 468,220 | 524,221 |
| Caidreamh Poiblí | 128,964 | 14,047 | | 49,314 | 192,325 | 158,659 |
| Rannpháirtíocht | 355,787 | 38,484 | | 437,573 | 831,844 | 711,134 |
| Ardfheidhmíocht | 462,386 | 49,635 | | 127,987 | 640,008 | 629,008 |
| Institiúid Spórt Éireann | - | - | | 573,589 | 573,589 | 535,461 |
| Cóitseáil Spórt Éireann | 756,594 | 79,946 | | 169,121 | 1,005,661 | 893,495 |
| **Tionscadail DAF/HI** | 202,398 | 21,642 | | 271,760 | 495,800 | 548,075 |
| Campas | 22,434 | 2,431 | | 397,723 | 422,588 | 301,631 |
| **IOMLÁN** | **3,244,141** | **346,646** | **14,902** | **3,042,491** | **6,648,180** | **6,194,549** |

Léiríonn an figiúr tuarastail agus ÁSPC de €271,760 an Cuntas Díomhaoin agus Éire Shláintiúil de €271,760 an costas foirne a leithdháiltear ar an dá scéim deontais arna gceadú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Sláinte faoi seach.

### (b) Sochair ghearrthéarmacha

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 3,590,787 | 3,476,488 |
| Ragobair | | |
| Liúntais | | |
| **Sochair Ghearrthéarmacha Iomlána** | **3,590,787** | **3,476,488** |

### (c) Socair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair scoir in 2022.

### (d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta Spórt Éireann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus comhaltaí Boird Spórt Éireann. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Príomhphearsanra Bainistíochta | 218,230 | 251,395 |
| **Príomhphearsanra Bainistíochta Iomlán** | **218,230** | **251,395** |

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-aon bhall amháin de scéim pinsean Spórt Éireann atá i measc Phríomhphearsanra Bainistíochta na heagraíochta, agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí.

**(e) Luach Saothair agus Sochair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Seo a leanas pacáiste luach saothair an POF don bhliain:

| | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | |
| Bunphá Saoire | 140,853 | 163,327 |
| Pá | | 12,614 |
| **Tuarastal Iomlán** | **140,853** | **175,941** |

Tá an POF ina bhall de scéim pinsin Spórt Éireann. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain san áireamh thuas.

Fuair an POF cúiteamh €7,019 ar chostais taistil agus chothaithe sna 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2022 (€903 sna 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2021).

## 8. Cuntas Caipitil

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| ar 1 Eanáir | 146,335,007 | 147,835,734 |
| **Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:** | - | |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní seasta | (6,264,783) | (5,793,974) |
| Cistí a leithdháileadh chun Sócmhainní Seasta a fháil | 12,883,408 | 4,293,842 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | **6,618,625** | **(1,500,132)** |
| Méid a Scaoileadh ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | (595) |
| Cistí OOP a leithdháileadh chun Sócmhainní Seasta a fháil | | (53,031) |
| Glanmhéid an Aistrithe don bhliain: | 6,618,625 | (1,553,758) |
| Cistí OOP a scaoileadh do Shócmhainní Seasta | | 53,031 |
| **Glanaistriú Iomlán don Bhliain** | **6,618,625** | **(1,500,726)** |
| **Amhail an 31** | **152,953,632** | **146,335,007** |

## 9. Costas Sochar Scoir

**(a) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir curtha de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.**

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costas seirbhíse reatha | **1,082,000** | 944,000 |
| Ús ar Dhliteanais um Shocair Scoir na Scéime | 322,000 | 192,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | **(164,000)** | (158,000) |
| **Costas Sochar Scoir Iomlán** | **1,240,000** | **978.0 0 0** |

**10. (b) Glan Oibleagáid Sochair Scoir**

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir | 21,671,000 | 19,274,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,082,000 | 944,000 |
| Costais úis | 322,000 | 192,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) ó thaithí | 722,000 | 276,000 |
| (Gnóthachan)/caillteanas a eascraíonn as athrú i dtoimhdí | (7,327,000) | 1,154,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (370,000) | (169,000) |
| **Glanoibleagáid sochar scoir ar an 31 Nollaig** | **16,100,000** | **21,671,0 0 0** |

Tá an Dliteanas Pinsin a aithníodh amhail an 31 Nollaig 2022 níos ísle ná an ceann a aithníodh ar 31 Nollaig 2021, go príomha mar gheall ar an ngnóthachan mar gheall ar athrú ar thoimhdí.

**Toimhdí Airgeadais**
**Ráta Lascaine**

Is é an ráta lascaine an ráta úis a úsáidtear chun oibleagáidí sochair iarfhostaíochta a bhaint de agus déantar é a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin. Baineadh úsáid as na torthaí a bhí ar fáil ar bhannaí corparáideacha AA agus AAA den fhad iomchuí ar dháta na luachála chun an ráta lascaine 3.65% in aghaidh na bliana a chinneadh (1.50% ar 31 Nollaig 2021).

**Boilsciú**
Is é an ráta measta boilscithe praghais ná 2.65% ar an dáta luachála, tá sé seo comhsheasmhach leis an ráta Eorpach Sprioc fhadtéarmach an Bhainc Ceannais maidir le boilsciú, arna choigeartú chun boilsciú intuigthe reatha a léiriú bunaithe ar thorthaí an mhargaidh agus ar thorthaí babhtála (2.20% amhail an 31 Nollaig 2021).

**Méaduithe Tuarastail**
Glactar leis go n-ardóidh tuarastail ag 1.15% os cionn an bhoilscithe ag 3.80% in aghaidh na bliana (3.35% ar 31 Nollaig 2021).

**Méaduithe Pinsin**
Glactar leis go n-ardóidh pinsin atá á n-íoc i gcomhréir le harduithe ginearálta tuarastail, i.e. 3.30% seasta in aghaidh na bliana (2.85% ar 31 Nollaig 2021).

**(b) Cistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir**

Aithníonn an Bord na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir bunaithe ar shraith toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar roinnt teagmhas roimhe seo. Cuimsíonn na himeachtaí seo an bunús reachtúil chun an scéim pinsin a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí

ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoinithe seo lena leithéid sin de shuimeanna a chomhlíonadh de réir an chleachtais reatha.

Is mar seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir a thuairiscíodh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cúlchiste Ioncaim Coinnithe:

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú atá in-aisghabhála maidir le costais socair scoir na bliana reatha | 1,404,000 | 1,136,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (368,559) | (169,244) |
| **Cistiú In-aisghabhála** | **1,035,441** | **966,756** |

### (c) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

Oibleagáidí sochair sainithe

Gnóthachtain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais sochair scoir

### (d) Cur síos ginearálta ar an scéim

Is é atá sa scéim sochair scoir ná socrú pinsin shainithe tuarastail deiridh ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do rialacháin reatha na scéime “eiseamláirí” earnála poiblí. Leis an scéim, tugtar pinsean (arb ionann é agus 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (arb ionann í agus 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir , agus tá daoine a tháinig chun a bheith ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d’aois ar aghaidh. Is gnách go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) ar aon dul le boilsciú ginearálta i dtuarastal earnála poiblí.

Feidhmíonn Spórt Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”) freisin. Is scéim sochair shainithe í sin d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Aistrítear gach ranníocaíocht fostaí don scéim aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus tá gach costas sochair scoir reatha in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tríd an deontas leithdháilte pá. Bíonn an riail ballraíochta sin i bhfeidhm beag beann ar fhoirm an chonartha fostaíochta. Téann baill foirne lánaimseartha agus pháirtaimseartha agus baill bhuana agus shealadacha foirne isteach sa Scéim Aonair má thosaigh a bhfostaíocht sa bhliain 2013 nó ina dhiaidh sin.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe i mí an Mhárta 2023, ag cur riachtanais an FRS san áireamh chun dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2022 a mheasúnú

| Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh: | **An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022** | **An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021** |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | 3.35% | 3.35% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair scoir atá á n-íoc | 2.85% | 2.85%/2.2% |
| Ráta lascaine | 1.50% | 1.50% |
| Ráta boilscithe | 2.20% | 2.20% |

Básmhaireacht

58% de PNMOO d'fhir le feabhsúcháin (féach thíos).

62% de PNFLOO do mhná le feabhsuithe (féach thíos).

Ceadaíonn an bonn mortlaíochta d'fheabhsuithe ar ionchas saoil thar am, ionas go mbraithfidh ionchais saoil ag an tráth scoir ar an mbliain ina shlánaíonn an comhalta an aois scoir (aois 65). Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shlánaíonn 65 bliain d'aois in 2022 agus 2042.

| **Bliain ina sroichtear 65 bliana d'aois** | **2022** | **2042** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - Fear | 22.1 mbliana | 24.3 mbliana |
| Ionchas saoil- Bean | 24.4 mbliana | 26.4 mbliana |

## 11. Dímheas ar Shócmhainní Seasta

| | **An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022** | **An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021** |
|---|---|---|
| Dímheas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | **€** | **€** |
| **Dímheas Iomlán** | **6,264,783** | **5,793,974** |

## 12 (a). Maoin, Gléasra & Trealamh 2022

| | Náisiúnta An tIonad Náisiúnta Uisce | Bonneagar & Dearadh | Campas Áiseanna | Talamh & Foirgnimh | Trealamh Oifige/ Ríomhairí/ Daingneáin & Feistis Troscán/ Trealamh Leighis | Mótar Feithicil | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | - € | € | € | € | € | - € | € |
| **Costas** | - | - | | - | | - | - |
| Ag tús na bliana | 74,053,414 | 13,320,030 | 85,216,217 | 26,965,565 | 2,135,093 | 22,286 | **201,712,605** |
| Breiseanna don bhliain | | 4,229,928 | 6,565,339 | 1,709,952 | 378,189 | | **12,883,408** |
| Diúscairtí le linn na bliana | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **74,053,414** | **17,549,958** ,, | **91,781,556** ,, | **28,675,517** | **2,513,282** | **22,286** | **214,596,013** |
| | | | | | | - | |
| **Dímheas** | | | | | | - | - |
| Ag tús na bliana | 28,050,772 | 9,858,147 | 9,586,975 | 5,928,037 | 1,931,381 | 22,286 | **55,377,598** |
| Muirear don bhliain | 1,481,068 | 1,692,154 | 2,321,139 | 665,437 | 104,985 | | **6,264,783** |
| Diúscairtí le linn na bliana | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **29,531,840** | **11,550,301** | **11,908,114** | **6,593,474** | **2,036,366** | **22,286** | **61,642,381** |
| | | | | | | - | |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | - | |
| Amhail an 01 Eanáir 2021 | 46,002,642 | 3,461,883 | 75,629,242 | 21,037,528 | 203,712 | | **146,335,007** |
| Glanghluaiseacht don bhliain | (1,481,068} | 2,537,774 | 4,244,200 | 1,044,515 | 273,204 | | **6,618,625** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **44,521,574** | **5,999,657** | **79,873,442** | **22,082,043** | **476,916** | | **152,953,632** |

## 12 {b). Maoin, Gléasra & Trealamh 2021

| | An tIonad Náisiúnta Uisce | Bonneagar & Dearadh | Campas Áiseanna | Talamh& Foirgnimh | Trealamh Oifige/ Ríomhairí/ Daingneáin & Feistis Troscáin/ Trealamh Leighis | Mótar Feithicil | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Costas** | | | | | | | |
| Ag tús na bliana | 74,005,032 | 10,187,496 | 84,267,212 | 26,864,856 | 2,073,540 | 22,286 | **197,420,422** |
| Breiseanna don bhliain | 48,382 | 3,132,534 | 949,004 | 100,709 | 63,212 | | **4,293,842** |
| Diúscairtí le linn na bliana | | | | | (1,659) | | **(1,659)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **74,053,414** | **13,320,030** ,, | **85,216,216** | **26,965,565** | **2,135,093** | **22,286** | **201,712,605** |
| Dímheas | | | | | | | |
| Ag tús na bliana | 26,569,704 | 8,581,081 | 7,276,937 | 5,308,970 | 1,825,710 | 22,286 | **49,584,688** |
| Muirear don bhliain | 1,481,068 | 1,277,065 | 2,310,038 | 619,067 | 106,735 | | **5,793,973** |
| Diúscairtí le linn na bliana | | | | | (1,064) | | **(1,064}** |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **28,050,772** | **9,858,146** | **9,586,975** | **5,928,037** | **1,931,381** | **22,286** | **55,377,598** |
| Glanluach de réir na leabhar | | | | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2020 | 47,435,328 | 1,606,415 | 76,990,275 | 21,555,886 | 247,830 | | **147,835,734** |
| Glanghluaiseacht don bhliain (44_ ,11_ _8) | --'-(1,4_3_2,6_86_ ) | -l-- ' ,85_5,4_ 6_9_ | --'('--l,-361,03_ 4) | ----'(-1,S_ | .._(sl_ _8,-3_58) | ----'- | OO_ ,**7_2_7 }** |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **46,002,642** | **3,461,884** | **75,629,241** | **21,037,528** | **203,712** | | **146,335,007** |

## 13. Sócmhainní Airgeadais

| | **An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022** | **An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Áiseanna Spórt Éireann DAC | | |
| Luach Gnáthscair Amháin | 1 | 1 |
| **Sócmhainní Airgeadais Iomlána** | **1** | **1** |

| **Ainm** | **Oifig Chláraithe** | **Cuideachta** | **Úinéireacht** | **Scair Eisithe** |
|---|---|---|---|---|
| Áiseanna Spórt Éireann DAC | Foirgneamh IIS Campas Spórt Éireann Baile Bhlainséir Baile Átha Cliath 15 | 419329 | 1 | Gnáthscair Amháin dar Parluach Luach |

Tá achoimre ar thorthaí na fochuideachta leagtha amach thíos.

| | **An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022** | **An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | 31,189 | 53,618 |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha | 387,278 | 356,089 |

## 14. Méideanna infhaighte

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | 385,082 | 219,869 |
| Cuntas Fionraí OOP | | 70,273 |
| Taiscí | 11,670 | |
| Réamhíocaíochtaí | 232,472 | 339,100 |
| **Méideanna Iomlána Infhaighte** | **629,224** | **629,242** |

## 15. Méideanna iníoctha

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | | € |
| Creidiúnaithe | 3,774,991 | 2,035,032 |
| Fabhraithe Eile | 5,847,718 | 5,465,700 |
| Dlite don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus na Meán | | 70,273 |
| Ioncam Iarchurtha | 15,839,056 | 1,820,013 |
| ÍMAT/ÁSPC | 134,787 | 141,509 |
| Cáin Bhreisluacha | 250,970 | 221,496 |
| Cártaí Creidmheasa | 8,552 | 2,942 |
| Cáin Chonartha Iomchuí | 7,048 | 4,537 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 349,895 | 246,028 |
| **Méideanna Iníoctha Iomlána** | **26,213,017** | **10,007,530** |

## 16. Ceangaltais Léasa

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí ceangaltas léasa naoi mbliana agus ceithre mhí fágtha ag Spórt Éireann le Shannon Commercial Properties. Rinne Spórt Éireann an comhaontú léasa deich mbliana ar an 1 Bealtaine 2022 chun cóiríocht oifige a sholáthar do Chóitseáil Spórt Éireann.

| | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 | An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 54,105 | - |
| Iníoctha laistigh de dhá go cúig bliana | 216,420 | - |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 234,455 | - |
| **Gealltanais Léasa Iomlána** | **504,980** | - |

## 17. Nochtadh ó Pháirtithe Gaolmhara

Féach Nóta 8(e) a bhfuil miondealú den luach saothair agus de na sochair a íocadh leis an bpríomhfhoireann bainistíochta pearsanra.

Glacann Spórt Éireann le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta na gcomhaltaí Boird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh Spórt Éireann deontais a fhaomhadh nó páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe conarthacha le heintitis ina bhfuil comhaltaí 12,000 fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile.

I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní bhfaighidh comhaltaí Boird cáipéisíocht Boird ná ní bhíonn siad rannpháirteach sna pléití a bhaineann leis na hidirbhearta sin ná i láthair acu. Coinnítear clár maidir le gach cás den chineál sin agus tá fáil air ach é a iarraidh.

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Bord deontais a cheadú le haghaidh fiontair ina bhfuil comhaltaí den Bhord fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile. Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasa na Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Nochtadh na comhaltaí Boird seo a leanas leas in eagraíochtaí lenar faomhadh deontais leo le linn 2022:

- Is ball de Boccia Éireann (fochoiste de Chumann Parailimpeach na hÉireann) é Padraic Moran. D'fhógair sé go raibh coinbhleacht ann maidir le míreanna ar an gclár a phléigh maoiniú do Chumann Parailimpeacha na hÉireann.
- Ba Ard-Stiurthóir den CLG é roimhe seo. D'fhógair sé go bhféadfadh coimhlint a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le míreanna ar an gclár a phléann maoiniú don CLG.
- Is ball seachtrach é Jerry Grant de Bhord Rialaithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. D'fhógair sé go raibh coinbhleacht ann maidir le plé ar mhaoiniú d'Ollscoil Theicneolaíochta, Baile Átha Cliath.
- Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Spórt Éireann é Áiseanna Spórt Éireann DAC agus fuair sé €2,492,663 de Dheontas Caipitil agus €2,095,000 de Dheontas Oibriúcháin in 2022. Fuair an fhochuideachta €1,800,000 freisin mar chuid de Scéim Athléimneachta Fuinnimh DPER.
- Bhain Spórt Éireann leas as an díolúine a thugtar in alt 33.1A ó fhorálacha FRS 102 'Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara' ó idirbhearta a nochtadh le fochuideachtaí faoi lánúinéireacht.

## 18. Dliteanais Theagmhasacha

Tá baint ag Spórt Éireann le líon beag imeachtaí dlíthiúla mar a leanas:

Foráladh le halt 34(2) den Acht um Spórt Éireann, 2015, go leanfaí le himeachtaí dlí a bhaineann le hÚdarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt (NSCDA, atá díscaoilte anois) le hionadú Spórt Éireann isteach sna himeachtaí a mhéid a bhaineann siad leis an Údarás.

Dá réir sin, tá ceangaltais agus dliteanais theagmhasacha ag Spórt Éireann i dtaca le costais dlí agus is féidir go mbeidh sé faoi réir éileamh mar seo a leanas:

In 2010, agus í ag tabhairt rialú ar na himeachtaí dlí a tionscnaíodh toisc nár íocadh sonrasc CBL a d'eisigh Campus and Stadium Ireland Development Limited, rud nach bhfuil ann a thuilleadh, ar chruthú an léasa ar an Ionad Náisiúnta Uisce, dhámh an Chúirt Uachtarach costais sa ní in aghaidh NSCDA. I mí an Mheithimh 2013, thionscain Dublin Waterworld Limited (DWW) imeachtaí dlí sa Chúirt Tráchtála in aghaidh NSCDA, ag lorg damáistí de bhun na n-imeachtaí CBL dá dtagraítear thuas (i.e. mar thoradh ar na gníomhartha a rinne Campus and Stadium Ireland Development/NSCDA chun CBL a aisghabháil ar léasú an Ionaid Náisiúnta Uisce).

Rinne Spórt Éireann foráil iomlán dá chostais dlí a rabhthas ag súil leo i ndáil leis an gcás seo ach ní dhearna Spórt Éireann foráil don éileamh ar dhamáistí toisc go raibh toradh an cháis éiginnte ag an am agus níorbh fhéidir na costais a mheas go hiontaofa. In 2017, rialaigh an Ard-Chúirt i bhfabhar NSCDA (Spóirt Éireann anois) sa chás seo a thóg Dublin Waterworld Limited (DWW), ina raibh an chuideachta sin tar éis damáistí a lorg de bhun na n-imeachtaí CBL dá dtagraítear thuas.

In 2019, thionscain an Gearánaí próiseas achomhairc chun rialú na hArd-Chúirte sa bhliain 2017 a cheistiú. Ag teacht sna sála air sin, thug an Breitheamh Onórach Irvine breithiúnas i mí Iúil 2019 thar ceann na Cúirte Achomhairc triúr comhaltaí. Sa bhreithiúnas sin, seasadh leis an gcuid bhunriachtanach den bhreith a thug an Ard-Chúirt sa bhliain 2017 sa dóigh is gur cinneadh go raibh údar ag Bord CSID leis na himeachtaí a d'eisigh sé chun CBL a aisghabháil ó DWW a eisiúint. Dá bharr sin, dhámh an Chúirt Achomhairc costais an achomhairc do NSCDA agus leanann Spórt Éireann le dul i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i dtaca le heisiúint na dámhachtana costas agus le saothrú na gcostas sin ón ngearánaí. Ar an mbonn sin, ní dhearna Spórt Éireann aon soláthar d'aon chostais bhreise i dtaca leis an ní sin toisc nach ann d'aon dliteanas teagmhasach faoi láthair.

Nóta: Tagairt do Campus Stadium Ireland Development Ltd, an réamhtheachtaí dlíthiúil ar Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt (NSCDA), is ea 'CSID'.

Tugadh eolas don Bhord faoi éileamh conarthach i dtaca le tionscadal caipitil Oifig an Chlóis Chúirte. Ceistíonn an Bord a bhailí atá an t-éileamh agus leanann Spórt Éireann ar aghaidh ag idirbheartú an chuntais chríochnaithigh leis an gconraitheoir faoi théarmaí an chonartha agus táthar ag súil go réiteofar an cheist seo in 2023.

Chomh maith leis sin, tá baint ag Áiseanna Spórt Éireann DAC, ar fochuideachta de chuid Spórt Éireann é, le roinnt cásanna dlí ar thionscain custaiméirí iad i dtaca le teagmhais a tharla sna saoráidí a n-oibríonn an chuideachta iad.

B'ionann liosta measta na n-éileamh gan íoc ag deireadh na bliana arna sholáthar ag soláthraithe árachais Áiseanna Spórt Éireann DAC agus €246,000. Tá foráil iomlán déanta don mhéid seo i ráitis airgeadais Spórt Éireann don bhliain 2023.

**19. Gealltanais**

Faoi Straitéis Comhpháirtíochta Spóirt le haghaidh na gnéithe spórt machaire den Mháistirphlean don Champas a fhorbairt, chuaigh Spórt Éireann isteach i gcomhaontuithe ar leith le Cumann Lúthchleas Gael, le Cumann Peile na hÉireann, le Haca Éireann agus le Cumann Rugbaí na hÉireann faoina bhfuil Spórt Éireann, faoi réir coinníollacha áirithe, tiomanta do léasanna 99 bliain ar thailte áirithe (mar a shainaithnítear sa Mháistirphlean), ar chíosanna lus an phiobair, a dheonú do na comhlachtaí lena mbaineann. Geallann na comhaontuithe freisin go soláthrófar maoiniú meaitseála suas le €500,000 d'fhorbairt na n-áiseanna seo ag gach ceann de na comhlachtaí, arbh fhiú €2 mhilliún san iomlán é, ar íocadh €1,450,000 de leis na comhlachtaí spóirt suas go dtí an 31 Nollaig 2022.

Ceangaltais Chaipitil:
Tá €7,356,986 tagtha chun cinn mar thoradh ar cheangaltais chonarthacha le haghaidh oibreacha tógála ar Champas Spórt Éireann in 2022.

**20. Imeachtaí Tar éis an Dáta Tuairiscithe**
Níor tugadh faoi deara aon imeachtaí suntasacha eile ó dheireadh na bliana.

**21. Coigeartú na Bliana Roimhe**
Athshonraíodh figiúirí comparáideacha chun athrú sa bheartas cuntasaíochta do dheontais imfhálaithe a sholáthraítear chun críocha sonracha faoi cheannteideal deontas Chiste na gCuntas Díomhaoin a léiriú. Roimhe seo bhí cuntas orthu seo ar bhonn fáltas airgid. Athraíodh an polasaí cuntasaíochta trína ndéantar na deontais seo a iarchur anois agus a aithint sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas faoi cheannteideal deontais Chiste na gCuntas Díomhaoin. Mar thoradh air sin laghdaíodh an méid a aithníodh roimhe seo in 2021 do dheontas Chiste na gCuntas Díomhaoin faoi €1,820,013 go €8,179,987 le méadú comhfhreagrach san ioncam iarchurtha aitheanta amhail an 31 Nollaig 2021. Mar thoradh air seo laghdaíodh an barrachas ó €5,750,892 go €3,930,879.
Tá an t-athrú seo ar bheartas cuntasaíochta léirithe i Nóta 2 agus Nóta 15.

**22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**
Rinne Bord Spórt Éireann na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 4 Aibreán 2023.

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND